# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011



Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**“Ag cinntiú táirgí fola d’ardchaighdeán trí dhílseacht agus trí flaithiúlacht ár ndeontóirí.”**

# Clár

**Réamhrá an Chathaoirligh** 3

**Tuairisc an Chathaoirligh** 5

**Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh** 13

**Tuairisc an Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta** 17

**Oibríochtaí** 19
- Seirbhísí Deontóra 22
- Seirbhísí Ospidéil 24

**Tástáil** 25
- Tástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN) 26
- Víreolaíocht 27
- NHIRL 28
- Diagnóisic/Crosmheaitseáil 30
- Grúpáil 31

**Seirbhísí Eile** 33
- Fíochán 34
- Seirbhís Aifiréise Teiripí 35
- Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) 37
- Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) 39
- Aonad Rianaithe Faighteoirí 42

**Cáilíocht & Comhall** 44

**Úsáid Fuinnimh** 48

**Acmhainní Daonna** 50

**Airgeadas** 55

**Sonraí Teagmhála** 57



**“Tig linn féachaint ar aghaidh go 2012 le spreagadh, agus fios againn go bhfuil SFAÉ i gcaoi maith chun leanúint ag seachadadh seirbhísí agus táirgí den chaighdeán is airde d’othair agus do dheontóirí.”**

# Réamhrá an Chathaoirligh

Is cosúil go dtugann gach bliain léi dúshláin nua, agus ní taise do 2011 é, ó thaobh SFAÉ de. Ón bhfíor-dhrochaimsear a bhí againn go dtí an tuairisc ar na scagairí prióin, teacht chun deiridh an Aonaid Rianaithe Faighteoirí agus an t-éileamh leanúnach ar luach níos fearr a aimsiú ar airgead.

An t-aon tairiseach atá ann ná dílseacht bhuan ár ndeontóirí a chinntíonn go sásaítear riachtanais othar ar fud an chóras cúram sláinte. Is réamhriachtanas bunúsach í seo d'aon seirbhís fuilaistriúcháin, agus is cruthú é ar éifeacht ár bhfeachtais poiblíochta agus ar ghairmiúlacht ár bhfoirne clinice.

In aon réimse leighis agus eolaíochta tá tábhacht ar leith le taighde. Is ábhar áthais dom a thuairisciú go ndearna SFAÉ conradh i 2011 le foireann taighde faoi cheannas Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe agus le taighdeoirí ó Choláiste Ollscoil Chorcaí agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i réimse na ngascheall. Is forbairt spreagúil í seo agus coinneoidh an Bord súil ar fhorbairtí le spéis sna blianta beaga atá le teacht.

Tig linn féachaint ar aghaidh go 2012 le spreagadh, agus fios againn go bhfuil SFAÉ i gcaoi maith chun leanúint ag seachadadh seirbhísí agus táirgí den chaighdeán is airde d'othair agus do dheontóirí.
Is mian liom foireann uile SFAÉ a mholadh as a ngairmiúlacht agus a ndiongbháilteacht, agus tig liom a dhearbhú go n-oibreoidh an Bord go leanúnach leis an bhfeidhmeannas chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile atá roimh an eagraíocht.

**Ms Katharine Bulbulia**
Cathaoirleach



## Ár Luachanna

- Feabhas Seirbhíse
- Ionracas
- Meas
- Foghlaim
- Cuntasacht
- Comhoibriú

# Tuairisc an Chathaoirligh




**Tuairisc Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, maidir le measúnú ar an rialú inmheánach airgeadais ag comhlacht Stáit don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2011, de réir Aguisín V den Chód Cleachtais Leasaithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit.**

1. Admhaím, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as córas rialú inmheánach airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt in aghaidh earráide, míráitis nó caillteanais ábhartha.
3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFAÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Athbhreithníonn an Bord an próiseas seo go rialta trí thuairiscí ón bPríomh-Fheidhmeannach.

i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainaithint agus a mheas, agus as rialuithe oiriúnacha a dhearadh agus a fheidhmiú. Déantar na rioscaí seo a mheas ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfaí iad a chomhcheangal le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear clistí rialaithe, cur isteach ar na córais faisnéise, catastrófaí nádúrtha agus riachtanais rialála.

ii. Tagann an bhainistíocht le chéile faoi dhó gach mí maidir le saincheisteanna agus rioscaí oibríochtúla, agus an dóigh a mbainistítear iad. Is é ról Fhoireann na Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo, athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar na príomhrioscaí atá bunúsach d'imeachtaí SFAÉ agus ar an gcóras gníomhartha is gá chun rioscaí dá shórt a bhainistiú, agus a gcinntí ar ábhair shuntasacha a thuairisciú don Bhord tríd an bPríomh-Fheidhmeannach.

iii. Tuairiscíonn an Príomh-Fheidhmeannach don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha oibre i SFAÉ, agus ar an gcomhshaol seachtrach a bhfuil tionchar aige ar rioscaí suntasacha. Nuair a shainaithnítear réimsí sa chóras a éilíonn feabhsú, breithníonn an Bord moltaí ón bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ina leith.

iv. Cuireann an Stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil, mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta, ar fáil don Choiste Airgeadais, atá ina fhochoiste Boird.

v. Tá cuíchreat rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil ábhair léirshainithe atá forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin, nó atá tarmligthe ag an mBord d'fhaomhadh cuí an Fheidhmeannais. Tá bainistiú laethúil SFAÉ tarmligthe ag an mBord agus tá teorannacha cuí ceaptha aige don Fheidhmeannas maidir le húdarú caiteachais. Tá an Príomh-Fheidhmeannach freagrach as forfheidhmiú na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais.

vi. Déantar monatóireacht ghinearálta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais tríd an

# Tuairisc an Chathaoirligh

gcóras atá rianaithe thuas. Ina theanntasan, athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta agus Comhaill an Bhoird sainréimsí rialaithe inmheánaigh mar chuid dá théarmaí tagartha.

4. Tá éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe go sásúil ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Comhaill thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Comhaill athbhreithniú foirmeálta ar na córais seo ó thaobh 2011 de, ag a gcruinniú ar 13ú Márta 2012.

## Riachtanais Tuairiscthe Eile

### Comhall an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta do chomhall fhorálacha ábhartha an Chóid Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2009.

Tá cód iompair gnó don Bhord, agus cód iompair d'fhostaithe, curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na cóid seo.

Tá glactha ag an mBord le beartas mionsonraithe taistil agus cothabhála a chloíonn le gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Le linn na bliana, d'athbhreithnigh Bord SFAÉ tuairiscí ar rialuithe inmheánacha, mar aon le hathbhreithnithe rialta ar thuairiscí Bhord Leigheasra na hÉireann (BLÉ) maidir le rialuithe oibríochta agus comhaill, agus bainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord ag athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth leis an BLÉ d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá na gnáthaimh diúscartha a léirítear sna 'Cóid Chleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit' comhlíonta ag SFAÉ. Comhlíonann SFAÉ na dualgais ábhartha uile a shainítear faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde rialachais corparáide, de réir na mbeartas agus cleachtas a bhfuil glacadh ginearálta leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

Tá lámhleabhar ag an mBord do chomhaltaí an Bhoird. Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

### Feidhmiú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, lena n-áirítear Cathaoirleach neamh-fheidhmiúcháin a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tháinig an Bord le chéile 11 uair le linn na bliana agus uair amháin in Aibreán do chruinniú Speisialta Boird. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird mar a leanas:

| Baill den Bhoird | Ean | Feabh | Már | Aib | Aib† | Beal | Meith | Iúil | M Fómh | D Fómh | Samh | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ms Katharine Bulbulia, Cathaoirleach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mr Mark Moran* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | | |
| Mr David Lowe | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mr Dave Keenan | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| Ms Marie Keane | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An Dr Paul Browne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Sinead Ní Mháille | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ms Ann Horan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ms Jane O'Brien | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mr Sean Wyse | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr Paolo Rebulla* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr Hilary O'Leary | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | | ✓ |
| An Dr Lelia Thornton** | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ |

* Téarma críochnaithe 20ú Meán Fómhair 2011
** Ceaptha 19ú Deireadh Fómhair 2011
† Bhí cruinniú speisialta Boird ag an mBord

Faigheann na comhaltaí uile faisnéis chuí thráthúil, sa dóigh go mbíonn an Bord in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh. Glacann an Bord le cuíchomhairle ghairmiúil neamhspleách de réir mar is gá.

Cloítear leis na treoirlínte maidir le íoc táillí agus chostais na gcomhaltaí Boird.

# Tuairisc an Chathaoirligh

| | Táile Bhliantúil Stiúrthóirí | Faighte 2011 | Costais 2011 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Ms K Bulbulia Cathaoir | 20,520 | 20,520 | 4,690 |
| Mr D Keenan | 11,970 | 11,970 | - |
| Mr M Moran* | 11,970 | 8,609 | - |
| Ms J O'Brien | 11,970 | 11,970 | - |
| Mr S Wyse | 11,970 | 11,970 | 71 |
| Mr D Lowe | 11,970 | 11,970 | - |
| Ms S Ní Mháille | 11,970 | 11,970 | - |
| An Dr P Browne | N/A | N/A | - |
| An Dr M Cahill | N/A | N/A | - |
| Ms M Keane | N/A | N/A | - |
| An Dr P Rebulla | 11,970 | 11,970 | 5,164 |
| Ms A Horan | 11,970 | 11,970 | 436 |
| An Dr H O'Leary | N/A | N/A | - |
| An Dr L Thornton** | N/A | | |

* Téarma críochnaithe 20ú Meán Fómhair 2011
** Ceaptha 19ú Deireadh Fómhair 2011

## Treoirlínte do bhreithmheas agus riar Tograí Caiteachais Chaipitiúla

Tá an Bord tiomanta cloí leis na treoirlínte do Bhreithmheas agus Riar Tograí Caiteachais Caipitiúla a d'eisigh an Roinn Airgeadais in Iúil 1994 (Leasaithe Eanáir 2005), agus Ciorcláin 02/09 agus 02/11 maidir le socruithe do chaiteachas TCF sa tseirbhís shibhialta agus phoiblí.

Tá sainmhodheolaíocht bainistíochta tionscadail formálta forbartha ag SFAÉ, freisin, agus é so-oiriúnaithe, ag brath ar mhéid an tionscadail i gceist. Tá struchtúr coiste ghíomhachtaithe ag an mBord chun cuidiú le comhlíonadh éifeachtúil a dhualgas.

## Coiste Luach Saothair

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord chun déileáil go sonrach le hábhair a bhaineann le tuarastal agus feidhmíocht an Phríomh-Fheidhmeannaigh. Cloíonn an Bord le beartas an Rialtais maidir le pá don Phríomh-Fheidhmeannach agus d'fhostaithe. Cloíonn an Bord leis na treoirlínte faoi íoc táillí stiúrthóra. Ba é €159,569 tuarastal an Phríomh-Fheidhmeannaigh i 2011.

## Coiste Comhairleach Míochaine

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de Chomhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí liachta agus an fhoireann chomhairleach mhíochaine, agus tagann sé le chéile uair déag sa bhliain. Tá sé mar fheidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí

a bhaineann le réimse na míochaine aistriúcháin agus réimsí bainteacha, tuairisciú don Bhord ar fhorbairtí dá sórt, agus an Bord a chomhairliú maidir le gníomhaíocht chuí.

### Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile 5 uair i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastlaíonn an Phríomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus Cuntasóir Bainistíochta air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le cursaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla caipitil agus oibríochta, iniúchtaí seachtracha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bainistíochta, PFT (Príomhtháscairí Feidhmíochta) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Athbhreithníonn sé, freisin, pleanáil gnó, cleachtaí costála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe maoinithe agus beartas státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord faoi thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus comhairlíonn sé faoi chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta a athbhreithníonn an Bord go rialta.

### Coiste Iniúchóireachta & Comhaill

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta & Comhaill le chéile 5 uair i rith na bliana, agus tá ceathrar comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha air. Freastlaíonn an Phríomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochta, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhaill, an Cuntasóir Bainistíochta agus an tIniúchóir Inmheánach air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair a bhaineann le cursaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta, na beartais chuntasaíochta, comhall na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n idirbhearta móra. Casann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun torthaí na hiniúchóireachta bliantúla ar ráitis airgeadais an Bhoird a phlé. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta & Comhaill faoi théarmaí tagartha foirmeálta a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Clárlann Rioscaí

Sainaithníonn an chlárlann rioscaí na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadais agus oibríochtúla atá ann don eagraíocht, agus na rialuithe atá ann agus na gníomhartha breise is gá chun a dtionchar a íoslaghdú, dá dtarlódh a macasamhail don eagraíocht. Tá an Chlárlann Rioscaí roinnte i gClárlann Rioscaí Eagraíochtúla, Cliniciúla agus TF. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an chlárlann rioscaí eagraíochtúla. Athbhreithníonn na comhairligh mhíochaine Chlárlann na Rioscaí Cliniciúla, agus athbhreithníonn agus nuashonraíonn Comhairle an TFC an Chlárlann Rioscaí TF.

Cinntíonn an mhonatóireacht seo gur rudaí reatha iad na rioscaí agus na rialuithe, agus go sainaithnítear rioscaí nua atá ag teacht chun cinn agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm.

# Tuairisc an Chathaoirligh

## Gnó Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun bheith ag feidhmiú go hoibríochtúil sa todhchaí intuartha. Chuige seo, is gnóthas leantach a ghlacann siad mar bhonn i gcónaí nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach SFAÉ agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird comhdhéanta de na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáid nó eagar neamhúdaraithe; agus
- Cuíthaifid chuntasaíochta agus faisnéis airgeadais iontaofa a choinneáil, lena n úsáid san eagraíocht.

Is iad na príomheilimintí de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird ná:

- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais
- Buiséad Bliantúil a réitítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Déanann an Coiste Airgeadais agus an Bord monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad
- Cuireann na riarthóirí buiséid a n-ainmneacha le buiséid ar leith
- Athbhreithnítear buiséid le riarthóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais léirshainithe
- Cuíscaradh dualgas
- Léir-theorainneacha údaráis don chaiteachas caipitiúil agus athfhillteach, faofa ag an gCoiste Airgeadais
- Príomhphróisis airgeadais atá láncháipéisithe i ngnáthamh scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann stórais
- Seiceálacha fíoraithe agus rialuithe pasfhocail ag an gcóras airgeadais
- Gach duillín seolta maidir le heisiúint táirgí meaitseáilte lena shonrasc ábhartha, chun a chinntiú go mbilleáiltear go hiomlán gach gníomhaíocht Boird
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Gach ordú ceannaigh a bheith sínithe ag an Oifigeach Ceannaigh nó ag ionadaí údaraithe
- Sonraí stoic a bheith foréilithe ag uathorduithe
- Sonraisc neamhstoic a bheith sínithe agus códaithe ag bainisteoirí buiséid nó a sínitheoirí údaraithe
- Sonraisc stoic a bheith meaitseáilte go neamhspleách le GRN stórais agus orduithe ceannaigh
- Seiceálacha íocaíochta fíoraithe ar shonraisc soláthróra ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha.

Is eol don Bhord gur ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistiú, seachas díothú, a dhéanamh ar an riosca go dteipfeadh orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Ní thig le rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráitis nó caillteanais ábhartha.

## Ráiteas faoi Dhualgais Chomhaltaí an Bhoird

Éilíonn an tOrdú um Bord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht) 1965, go n ullmhódh an Bord ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe na hÉireann, dearcadh fíor, cothrom ar staid chursaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ní mór don Bhord:

- Cuíbheartais chuntasaíochta a roghnú agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach sa chás gur míchuí a réamh-mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as cuíleabhair chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn go réasúnta cruinn am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá sé freagrach, freisin, as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin an hÉireann a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.


## Forbairtí suntasacha tráchtála

*Táirgí Athchuingreacha*

Bhí SFAÉ freagrach, faoina dualgais reachtúla, as táirgí fola a fhoinsiú agus a dháileadh. Ghin an ghníomhaíocht seo ioncam do SFAÉ, a chuidigh le costas reáchtála na seirbhíse. Roghnaíodh sealbhóir conartha eile, agus beidh seo i bhfeidhm i 2011. Seach-chuireadh an chéad laghdú ioncaim le deontas ón HSE do 2011 agus 2012, a bheidh ag laghdú go €3m agus €1.5m faoi seach.

**Ms Katharine Bulbulia**

Cathaoirleach



**“Ar go leor slite, tiománadh an clár athruithe ag an éileamh ar luach ar airgead, agus ar bhreis a dhéanamh le níos lú acmhainní.”**

# Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh




Ag tús 2011, bhí orainn plé le fadhbanna soláthair de thoradh an tsneachta agus cúinsí drochaimsire, agus tástáladh diongbháilteacht na heagraíochta agus na ndeontóirí. Chruthaigh an dá thaobh go fíormhaith agus d'athlíonamar stoic go tapa trí theacht aniar, díocas agus dílseacht na ndeontóirí.

Sa bhliain úr tháinig athrú ar cheannaireacht mhíochaine agus eolaíochta SFAÉ. Tháinig an Dr. Ian Franklin chugainn in áit an Dr. Willy Murphy a tugadh ar iasacht do FSS ar feadh tréimhse trí bliana chun dul i gceannas an Chláir um Úsáid Optamach. Thug an Dr. Franklin neart taithí leis chuig an ról seo agus d'oibrigh sé go dícheallach chun an clár míochaine agus eolaíochta a chur chun cinn. Is mian liom m'ardmheas a chur in iúl don Dr. Murphy as a thiomantas gan teorainn d'obair SFAÉ agus as a cheannaireacht mhíochaine sna nuálaíochtaí éagsúla a chur sé i bhfeidhm le linn a 15 bliain mar Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta.

Ar go leor slite, tiománadh an clár athruithe ag an éileamh ar luach ar airgead, agus ar bhreis a dhéanamh le níos lú acmhainní. Léiríodh, freisin, athrú ar ár múnla maoinithe nuair a chinn an Roinn Sláinte nach riarfadh SFAÉ feasta táirgí na n-othar haemaifiliach. Ba chuid bhunúsach é dár múnla maoinithe agus is cinnte go n éileoidh sé coigilteas chun an t-ioncam a chaillfear ar na táirgí seo a thabhairt isteach.

Déileáladh le saincheisteanna móra le linn na bliana, mar atá:

- Deireadh leis an Aonad Rianaithe Faighteoirí agus tuarascáil deiridh an tSainghrúpa um Heipitíteas C
- Tuairisc an Údaráis Cáilíochta um Fhaisnéis Sláinte ar mheasúnú na teicneolaíochta sláinte maidir le scagairí prióin.
- Athrú ar na critéir iarchuir do MSM i Sasana, Albain agus sa Bhreatain Bheag
- Cleachtadh Costála Gníomhbhunaithe chun tiománaithe costais SFAÉ a thuiscint
- Bunú clinic hibride i gCorcaigh leis an bhfoireann céanna ag glacadh pláitíní agus lánfhuil araon.

Táim cinnte go ndéileálfaidh an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta leis na príomh-shaincheisteanna míochaine ina thuairisc.

Bhí, freisin, roinnt saincheisteanna a tosaíodh agus a chríochnófar i 2012, agus ba iadsan:

- Measúnú an ONH ar chórais tuairiscíochta SHOT agus MHRA
- Ríomh-ordú comhpháirteanna fola
- Measúnú ar neamhghníomhachtú pataigíní
- Comhpháirt i dtionscadal paca Eurablood faoi cheannas NHSBT
- URS agus próiseas tairisceana do chóras rialála nuafhorais fola, agus
- Athbhreithniú ar an bhFeidhm Cáilíochta.

Bhí ábhar amháin, áfach, nár réitíodh ainneoin móriarrachtaí an Fheidhmeannais agus an Bhoird agus b'in ceist na bpinsean. Tá seo ag cur as d'fhoireann uile na heagraíochta. Is gá é a réiteach i 2012 ar mhaithe le misneach na foirne agus chun na socruithe maoinithe a chinntiú maidir le pinsean a sholáthar do gach ball foirne.

Ainneoin na ndúshlán suntasach atá roimh an eagraíocht, tá seirbhís caighdeán-tiománta á

# Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh

soláthar againn dár n-othair agus dár ndeontóirí. Dearbhaíodh seo leis na torthaí iniúchta an-deimhneacha a fuair an tÚdarás Inniúil, agus is fianaise é ar ghairmiúlacht agus ar thiomantas fhoireann uile na heagraíochta, a bhfuil mé an-bhuíoch as.

Ba mhaith liom a gheallúint nach mbeidh 2012 chomh dúshlánach céanna, ach ar an drochuair, ní thig liom. Ar dhóigh, is ag dul in olcas atá an timpeallacht eacnamaíochta, agus tá an t-éileamh ar bhreis coigealtais costais níos láidre ná riamh, sílim. Éileoidh seo iarracht mhór orainn uile, ach má oibrímid i gcomhair le chéile tiocfaimid slán tríd an tréimhse seo, dírithe go daingean ar an gcaighdeán is airde cúraim a sholáthar don othar agus don deontóir araon.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach


giveblood.ie
you get more than you give
Arnotts



**“Go hadhúil, tig liom a thuairisciú nach raibh sé an-spreagúil i dtéarmaí na seirbhíse, le dul chun cinn seasta i soláthar fola – gan ganntanais ag cur isteach ar chúram othair, nó ar shábháilteach.”**

# Tuairisc an Stiúrthóra Míochaine & Eolaíochta



Ba bhliain an-spreagúil domsa an bhliain seo caite, mo chéad bliain mar Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta i SFAÉ. Go hadhúil, tig liom a thuairisciú nach raibh sé an-spreagúil i dtéarmaí na seirbhíse, le dul chun cinn seasta i soláthar fola – gan ganntanais ag cur isteach ar chúram othair, nó ar shábháilteacht. Bhí cuid mhaith luaineachta ó mhí go mí in úsáid na fola, roinnt de, b'fhéidir, de bharr na ndeacrachtaí airgeadais atá le brath faoi láthair ar fud na tíre. B'fhéidir go raibh tionchar, freisin, ag na tionscnaimh nua chun úsáid pláitíní a riar – tá mo réamhtheachtaí, an Dr. William Murphy, ag obair anois do SFAÉ mar Chomhairleoir Beartas Fola. Le roinnt blianta anuas, tá ceann de na rátaí is ísle úsáid deargcheall ag Éirinn i measc geilleagar forbartha an AE. Rud ait é seo, agus léiríonn sé go machnaíonn foirne míochaine ar fud na tíre go domhain ar chathain is cóir fuilaistriú a thabhairt agus, chomh tábhachtach céanna, cathain nach bhfuil sé riachtanach.

Bhí an úsáid pláitíní measartha ard, áfach. Cuid thábhachtach de chúram othair i gcónaí é aistriúcháin a sheachaint go sábháilte, ós rud é, mar is eol dúinn uile, go dtarlaíonn éifeachtaí díobhálacha i mionlach beag aistriúchán. Tá SFAÉ ag obair leis an HSE, mar sin, agus le comhghleacaithe comhairleacha ar fud na hÉireann chun an cleachtas aistriúcháin do phláitíní a fheabhsú. I 2012, táimid ag súil le nua-Choiste Náisiúnta Aistriúcháin a bheith ann chun na tionscnaimh seo a bhrú chun cinn a thuilleadh.

Ní bhfuaireamar aon tuairiscí faoi ionfhabhtaíochtaí víris a bhí bainteach le haistriúcháin i 2011 – toradh tábhachtach ar ár mbuanfheachtas ar son an tsoláthair fola is sábháilte amuigh. Ceist thábhachtach í an chost-éifeachtúlacht anois, áfach, agus níl sé indéanta, má bhí riamh, gach nuabheart is féidir a thabhairt isteach, go díreach. Tar éis dianbhreithnithe agus domhain-tuairisce, mhol HIQA nach mbeadh sé costas-éifeachtúil scagairí prióin a úsáid chun an baol maidir le GCJ athraitheach ó fhuilaistriúcháin a laghdú. D'aontaigh an tAire leis an tuairim seo, agus, ina dhiaidh sin, bhí plé ag SFAÉ leis an Roinn Sláinte faoin tslí is fearr chun an riosca atá cheana féin an-íseal a íoslaghdú. Tá measúnú déanta ag SFAÉ féin ar roinnt teicneolaíochtaí eile, go háirithe ar chórais díghníomhaithe pataiginí, ach chinn siad nach bhfuil siad inacmhainne. Go dtí seo, níl chóras ann ar féidir leis na víris nó baictéir i ngach cóireáil fola a scriosadh, gan é a dhéanamh sna comhdhlútháin deargcheall is mó a úsáidtear. Leanfaimid ag déanamh monatóireachta ar an réimse tábhachtach sábháilteacht fola seo ar bhonn rialta.

Le linn 2011, ghabh SFAÉ slán le duine dá gcomhairleoirí is sinsearaí, an Dr. Emer Lawlor. Bhí Emer gafa le bainistiú an-chuid éifeachtaí de chuid na saincheisteanna frith-D/heipitíteas C, trína ceannas ar chlár rianaithe faighteoirí. Thionscain sí, agus bhí sí i gceannas, freisin, ar Chlárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann agus an tSaotharlann Náisiúnta HLA, agus bhí sí i gceannas ar an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais. Gan amhras, níorbh fhéidir linn na rólanna seo uile a líonadh le duine amháin. Is mian linne i SFAÉ buíochas a ghabháil le Emer as an méid mór a chuir sí leis an tseirbhís le blianta anuas, agus guímid go mbeidh sí in ann tráth fada scoir a chaitheamh le tairbhe.

**Dr Ian Franklin**
MBChB, PhD, FRCP [Lond; Glas; Edin], FRCPath.
Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta
MCRN 401650

“As na daoine 16-20 bliain d’aois, tá beartaithe ag 80% acu fuil a thabhairt nuair a bheidh siad níos sine.”



# Oibríochtaí




## Seirbhísí Deontóra

Tá suíomhanna líonraithe shóisialta éirithe an-úsáideach chun feasacht ar ár mbranda a chothú agus chun daoine a choinneáil ar an eolas maidir lenár gclinicí agus ár n-imeachtaí le linn na bliana. I mí na Nollag, d'eagraíomar comórtas via Twitter chun seans a thabhairt duit do ghrianghraf a fháil le Corn Sam Maguire. Tugadh an Corn ar cuairt chuig an Lárionad Náisiúnta Fola ar 22ú Nollaig agus glacadh grianghraf dár mbeirt buaiteoirí ádhúla ar Twitter, Paschal O'Connor agus Eileen Collins lena leanbh Cara, leis an gcorn. Ghlac foireann LNF páirt san fháiltiú roimh Sam sa Lárionad Náisiúnta Fola, agus iad ag caitheamh dathanna a gcontaetha don ócáid.

## Taispeántas na nEolaithe Óga

Mar ócáid bhliantúil, is léir gur bealach iontach é Taispeántas na nEolaithe Óga chun feasacht a chothú i measc daoine óga maidir leis an ngá atá ann fuil a thabhairt. Bhí thart ar 30,000 duine a d'fhreastal le linn trí lá an taispeántais.

Thug suirbhé a rinneadh orthu siúd a bhí i láthair léargas éigin orthu siúd a bhfuil beartaithe acu fuil a thabhairt. Mar shampla, tá beartaithe ag níos mó fireannach (68%) ná baineannaigh (61%) fuil a thabhairt nuair a bheidh siad 18. Tabharfaidh 73% d'fhreagróirí, a bhfuil aithne acu ar dhuine a thugann fuil, fuil iad féin, in aghaidh 39% d'fhreagróirí nach bhfuil aithne acu ar dhuine a thugann fuil. As na daoine 16-20 bliain d'aois, tá beartaithe ag 80% acu fuil a thabhairt nuair a bheidh siad níos sine.

Rinne triúir scoláirí as Coláiste Choilm i mBaile an Choiligh, Co. Corcaí, tionscadal anailíse ar Phatrúin Sreafaí Fola, ag úsáid micreascóipeacht físeáin. Chuir SFAÉ an micreascóp ceann dúbailte ar fáil do na scoláirí. Bronnadh Dámhachtain Taispeántais Ardmholta ar na scoláirí.

## Ceolchoirm Mhór na bhForsaí Cosanta

Tá Ceolchoirm Mhór na bhFórsaí Cosanta á hurrú ag SFAÉ go bliantúil le roinnt blianta anuas. D'éirigh thar barr leis an gceolchoirm arís i mbliana, le breis agus 1,000 duine i láthair agus an aoi speisialta Celine Byrne mar aon le Buíonta Ceoil agus Píobairí na bhFórsaí Cosanta ag cur le siamsaíocht bhreá na hoíche.

Tá an-chaidreamh idir an dá eagraíocht agus é ag fás i gcónaí, de réir mar a chuirimid a chéile san áireamh i níos mó ócáidí agus imeachtaí. Tá SFAÉ bródúil as a dtacaíocht don ócáid fhiúntach seo gach bliain agus bainimid taitneamh as comhpháirt, acmhainní agus tacaíocht na bhFórsaí Cosanta i rith na bliana i bhfoirm clinicí deonacháin, pearsanra le haghaidh suiteálacha sluaite agus fótaisheisiúin, deiseanna CP ag ócáidí, agus teagmhálacha do roinnt tionscadal ad hoc.

## Taispeántas na dTithe Idéalacha

Bhí taispeántas ag Seirbhís Fuilaistriúcháin Éireann ag Seó na dTithe Idéalacha san RDS in Aibreán 2011. Bhí rath mór ar an deireadh seachtaine, leis na céadta cuairteoirí ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi dheonadh fola.



Thugamar uainn samplaí d'earraí 'giveblood' do gach éinne a thug cuairt ar an seastán, cibé bhí siad ag tabhairt fola faoi láthair, nó ag smaoineamh ar an chéad chéim a ghlacadh chun saol a shábháil.

Bhí foireann SFAÉ i láthair chun aon cheisteanna a fhreagairt ó dhaoine maidir le deonadh fola, agus dhíbhir siad aon mhiotas uathu faoi phróiseas an deonacháin. Bhí lúcháir orainn gur tháinig an oiread sin deontóirí agus lucht taca Giveblood Facebook chun an tseastáin chun comhrá linn thar an deireadh seachtaine!

## Clár Feasachta do Scoláirí maidir le Fuil a Thabhairt

I 2011, sheol Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann an Clár Feasachta do Scoláirí maidir le Deonacháin Fola do mheánscoileanna ar fud an náisiúin. Tá an tionscnamh dírithe ar scoláirí a theagasc maidir leis an bpróiseas tabhartha fola agus iad a spreagadh chun fuil a thabhairt nuair a bheidh 18 bliain slánaithe acu.

Tá DVD sa phacáiste a thugann na scoláirí trí phróiseas an deonacháin agus taispeánann sé deontóir fola óg agus faighteoir a roinneann linn a dtaithí pearsanta. Tá quiz gearr sa phacáiste, freisin, chun eolas an scoláire a thástáil!

Chuidigh an t-iarmhúinteoir agus láithreoir Nationwide RTÉ, Mary Kennedy, linn an tionscnamh a sheoladh le scoláirí ó Loreto ar an bhFaiche i mí Feabhra.

## Promóisean Oxegen

In Iúil 2011, tháinig 80,000 leantóir ceoil ina sluaite go Baile Phoinse, Co. Chill Dara d'Fhéile Ceoil Oxegen.

Bhí foireann margaíochta SFAÉ ar láimh chun teachtaireacht an deonacháin fola a thabhairt do na ceiliúróirí díograiseacha, trí phainseonna báistí Giveblood a thabhairt amach ag stad bailithe Bhus Átha Cliath d'Oxegen ar Chearnóg Pharnell.


Bhí na painseonna dearga iata i liathróid le faiscín áisiúil uirthi, agus bhí lucht na féile an-tógtha leis.

**"Tá an tionscnamh dírithe ar scoláirí a theagasc maidir leis an bpróiseas tabhartha fola agus iad a spreagadh chun fuil a thabhairt nuair a bheidh 18 bliain slánaithe acu."**



giveblood.ie

# Staitisticí Deontóra


## Deontóirí 2010 vs 2011





## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Fuilghrúpa



# Próiseáil Comhpháirteanna agus Seirbhísí Ospidéil

Clúdaíonn scóip na feidhme seo laistigh de SFAÉ, bainistiú, stóráil, pacáistiú agus scaipeadh comhpháirteanna fola agus táirgí monaraithe teiripeacha. Soláthraíonn sé nasc laethúil idir bainc fola na n-ospidéal agus ranna Seirbhísí Ospidéil atá lonnaithe in LNF agus MRTC.

Tá na ranna san dá ionad freagrach as gach táirge, a scaoiltear chun othair a chóireáil, a scaipeadh go slán sábháilte. Clúdáionn sé, freisin, an fheidhm iompair chun deonacháin a bhailiú ag clinicí ar fud na tíre de réir mar is gá, agus soláthraíonn sé seirbhís seachadta fola sceidealta chuig ospidéil ar fud na tíre ar bhonn laethúil. Tá an roinn próiseála freagrach as próiseáil, lipéadú agus scaoileadh gach comhpháirte ó na deonacháin lánfhola agus aifiréise. Cuireann sé clúdach Eolaí Míochaine ar fáil, freisin, i réimse na seirbhísí ospidéil.

I ngach ionad, oibríonn réimse na seirbhísí ospidéil go dlúth leis an réimse próiseála ar bhonn laethúil. Tacaíonn Eolaithe Míochaine le ionghlacadh orduithe sa tsaotharlann Eisiúna, i gcás ordaithe speisialta d'othair, e.g., iarratais ar dheargcheala feinitíopáilte, tairgí speisialta nua-naíoch, táirgí ionradaithe. Feidhmíonn Seirbhísí Ospidéil ar bhonn 24/7 le foireann d'oifigigh Soláthróirí agus Eolaithe Míochaine.

D'fhorbair an fhoireann Comhpháirteanna agus TF SFAÉ ríomhchóras ordaithe le linn tús 2011. Tástáladh fréamhshamhail i dtrí ospidéal le linn Samhradh 2011. Tugadh isteach córas gréasán-bhunaithe leasaithe idir SFAÉ agus na hospidéil uile i 2011 (agus táthar ag súil go mbeidh sé suiteáilte i ngach ospidéal faoi Fheabhra 2012). Glacann an r-chóras ordaithe seo áit admháil an ordaithe láimhe i réimsí na saotharlainne Seolta agus Eisiúna araon, agus láidríonn sé a thuilleadh an caidreamh idir na ranna Próiseála agus Seirbhísí Ospidéil. Cothaíonn sé nasc níos fearr agus níos éifeachtúla leis na hospidéil. Éascaíonn sé úsáid éifeachtúil acmhainní agus laghdaíonn go mór an cumarsáid béil agus deiseanna d'earráidí idir na páirtithe i gceist. Cruthaíonn sé feabhsú i gcaighdeán na seirbhíse agus is seirbhís níos éifeachtaí í go hinmheánach i SFAÉ, agus go seachtrach do na hospidéil.

**Fuil, Comhpháirteanna Fola & Táirgí Fola a Eisíodh**

| Táirgí | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Deargchealla & Lánfhuil | 135,963 | 137,933 |
| Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha | 24,735 | 24,394 |
| Plasma Reoite | 266 | 249 |
| Octaplas | 22,890 | 23,075 |
| Críodheascán | 74 | 68 |
| Fachtóir VIIA (xIU)* | 400 | 122,050 |
| Fachtóir VIII Athchuingreach (x IU) | 36,300,000 | 34,361,750 |
| Fachtóir VonWillebrand (x IU) | 790,600 | 623,500 |
| Fachtóir IX Athchuingreach (x IU) | 11,935,750 | 9,848,250 |
| Prótroimpléasc (x IU) | 787,200 | 643,800 |
| Fachtóir XIII | 7,000 | 6,000 |
| Plasma d'Úsáid IVD (Lítear) | 38,422 | 30,000 |

* Ní sholáthraíonn SFAÉ Fachtóir VIIA níos mó ón 13u Eanáir 2011

# Tástáil



# Saotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN)

### Saotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN)

Tá an tsaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) lonnaithe sa LNF agus tástálann sí ar bhonn náisiúnta na deonacháin fola ó gach ionad i SFAÉ. Aimsíonn TAN leibhéal an-íseal RNA/DNA víreasach nach bhféadfaí a aimsiú, b'fhéidir, leis na measúnachtaí séireolaíochta a mholtar faoi láthair, sna céimeanna tosaigh d'ionfhabhtaíocht, an tréimhse fuinneoige réamhshéire-ationtaithe.

Tástalann saotharlann TAN Deonacháin Indibhidiúla (DI)-TAN ag úsáid ardán Tigris i gcomhar le measúnacht Ultrio HIV-1/HCV/HBV (Eanáir go Samhain 2011). Is measúnacht ilphléasc Aimpliú trí mheán Tras-scríobh (TMA) í Procleix Ultrio chun Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna tíopa 1 (VEID-1) RNA, víreas Heipitíteas C (VHC) RNA agus víreas Heipitíteas B (VHB) DNA a bhrath i bplasma daonna. Is córas iata lán-uathoibríoch é ionstraim Tigris chun tástáil TAN a dhéanamh ar dheonacháin ar leith leis an Procleix Ultrio agus ina dhiaidh sin, Ultrio móide measúnacht. D'éirigh leis an tsaotharlann TAN bailíochtú agus forfheidhmiú measúnacht Ultrio Plus a chríochnú i Samhain 2011 agus áit na measúnachta Ultrio a ghlacadh agus aimsiú DNA le VHB a fheabhsú i ndeonacháin fola. Sholáthraigh tástáil DI-TAN ar dheonacháin SFAÉ, ag úsáid measúnacht Ultrio plus, lamháil bhreise sábháilteachta don soláthar fola.

Coinnítear sampla cartlainne de gach deonachán. Tástáladh gach deonachán a bailíodh i 2011 laistigh den tsaotharlann agus níor ghá an plean tástála faoi Theagmhas Seachtrach, atá ag SFAÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban (SNBTS) a agairt.

Cinntíonn Rialú Cáilíochta TAN go ndéantar monatóireachct cruinn ar íogaire anailíseach agus ar in-atáirgtheacht na measúnachtaí scagthástála d'Fhuil TAN. Úsáidtear, freisin, samplaí ó Rialuithe Cáilíochta Seachtracha (EQCs) chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar chomhsheasmhacht in íogaireacht na mbaisceanna imoibrithe. Cuimsíonn na measúnachtaí Procleix Novartis, Calabróirí (Diúltach, HIV-1, HCV, HBV), Réim-Rialuithe agus Rialú Inmheánach (RI). Úsáidtear an RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú agus chun a chinntiú go bhfuil na próisis tástála mhonaireachta uile ag feidhmiú i gceart. Úsáidtear Réim-Rialuithe Tigris tar éis tástála ar gach 100 sampla i ngach liosta oibre. Caithfidh na torthaí Calabróra teacht leis na sonraíochtaí measúnachta.

I 2011, trí chomparáidí idirshaotharlainne, agus ag úsáid bogábhar EDC Net agus comhpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha (EQAS), tig le SFAÉ athbhreithnithe piara a dhéanamh le húsáideoirí Novartis agus neamh-Novartis ar mheasúnachtaí TAN ar fud an domhain.

Tá saotharlann TAN tiomanta an phróiseas TAN a fheabhsú ar bhonn leanúnach, mar a léirigh siad trí ghníomhartha Ceartaithe agus Cosctha a fheidhmiú de thoradh na dTuairiscí um Theagmhais Cháilíochta agus tuairiscí na hIniúchóireachta Inmheánaigh. Bhí tathag chóras Tástála Tigris thar barr i 2011, i gcomparáid le 2010, le tionchar íosta ar an bpróiseáil fola agus tairgí fola. Tá an tsaotharlann ag ullmhú faoi láthair le haghaidh creidiúint ISO 15189.

# Víreolaíocht

Faigheann na saotharlanna víreolaíochta sampla de shéiream téachtaithe ó gach deontóir ag am deonacháin, agus sainaithnítear é le barrachód uathúil ag am an deonacháin. Tástáiltear an sampla le haghaidh láithreacht sainmharcóirí víreasacha a d'fhéadfaí a tharchur le fuilaistriú. Tástáladh thart ar 160,000 deonachán i 2011.

Déantar na tástálacha séireolaíochta a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad faoi shainordú do gach deonachán.

- Aintigin dromchlach Heipitíteas B (HBsAg) agus antashubstaint do chroí-Heipitíteas B
- Antashubstaint do Víreas Imdhíonachta Daonna 1/2
- Antashubstaint do Víreas Heipitíteas C
- Antashubstaint do Víreas T-Liomfatrópach Daonna I & II
- Antashubstaint do Treponema Pallidum, gníomhaire cúiseach Sifilise.

Déantar na tástálacha seo ag úsáid an trealaimh is déanaí atá cGMP-oiriúnach (dea-chleachtas déantúsaíochta). Déantar an scagthástáil do bhunús na víreas seo ar Phriosma Abbot, ag úsáid foirne tástála Phriosma Abbot agus tá an córas Priosma in úsáid i SFAÉ ó Mheitheamh 1997. Déantar scagthástáil do Shifilis agus Cítimeigilivíreas (CMV) ar an bpróiseálaí DiaSorin ETImax.

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) chun go mbeidh soláthar de dheonacháin Chítimeaigilivíris dhiúltaigh ann do na hothair a éilíonn é, e.g. othair imdhíon-lagaithe. Stóráiltear séiream samplach (sampla cartlainne) reoite, freisin, as gach deonachán. Nuair atá na tástálacha uile críochnaithe, agus torthaí sásúla faighte, pasáiltear an t-aonad agus lipéadaítear é le haghaidh eisiúna, ar choinníoll go bhfuil sé diúltach ó thaobh thástáil Aigéid Núicléasaigh de.

Déanann an tsaotharlann trialacha scagthástála,freisin, le haghaidh marcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíocháin chroíchomhla agus samplaí ó chláir thástála maidir le rianú faighteoirí.

Cinntítear cáilíocht na gcóras tástála trí chaighdeáin an 'National Institute of Biological Standards and Controls, UK' agus trí rialú ilmharcóra ó Acrometrix a úsáid mar rialuithe 'gluais/stad' ar gach sraith tástála. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe caighdeán seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na dtástálacha feidhmíochta, ag úsáid rialú an phróisis staitistiúil ar bhonn laethúil agus, thar thréimhse, mar mhonatóir siarghabhálach ar chnuas-fheidhmíocht. Tá an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ comparáid a dhéanamh in aghaidh thorthaí na nIonad Fola sa RA.

Glacann an tsaotharlann páirt, freisin, sa chlár faireachais a reáchtálann Aonad Eipidéimeolaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Fola agus Trasphlandála (NHSBT)/ Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte na RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí deimhneacha agus ar na rátaí imoibríocha d'fhoirne tástála agus do thorthaí daingnithe, ag úsáid lotuimhreacha éagsúla imoibrithe leis an NHSBT. Gintear tuairisc fógartha a mhionsonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí na rátaí imoibrithe.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta páirteach i dtrí chlár oilteachta, ceann a scaipeann an United Kingdom National External Quality Assessment Service (UK NEQAS) do Mhicribhitheolaíocht, ceann a scaipeann VQC Acrometrix i gcomhar leis an National Serology Reference Laboratory Australia (NRL na hAstráile) agus ceann eile leis an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíoch Míochaine & Cúram Sláinte (EDQM).

# NHIRL


## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL)

Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL) raon cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla a saincheapadh chun tacaíocht a thabhairt do na cláir thrasphlandaithe gascheall allaighéineach haemaiteapóiteach (HSCT) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire um Leanaí Breoite, Cromghlinn. Tig HSCT a úsaid chun leoicéime, siondróim teip smeara agus neamhoird meitibileach ón mbroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann tíopa na hantaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú, chun cuidiú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha amháin, bunaithe ar imoibriú slabhrach polainnéaraise (PCR) chun na géinte a chódaíonn na móilíní HLA a shainiú. Tig leis an teicneolaíocht seo ardleibhéil taifigh a aimsiú, a idirdhealaíonn ailléilí indibhidiúla agus géinte HLA.

Tá clár fairsing um dhearbhú cáilíochta ag an saotharlann, lena n-áirítear páirtíocht i gcláir thástála oilteachta inmheánacha agus sheachtracha do thíopáil HLA, geinitíopáil antaigin pláitíní daonna (HPA) agus imscrúduithe antashubstaintí HLA/HPA. Tá NHIRL creidiúnaithe ag Cónaidhm Imdhíon-Ghéineolaíocht na hEorpa (EFI) ó 2001 i leith.
I 2011, rinne NHIRL samplaí ó 204 othar Éireannach i leith trasplandálacha gascheall haematopóiatach féideartha, agus a ngaolta a thíopáil HLA. I gcás na

### Líon na nOthar Éireannacha a fuair HSCT ó Dheontóir Neamhghaolta 2002-2011



n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach clainne acu, d'fhéadfaí deontóir neamhghaolmhar a shainaithint ó chlár na ndeontóirí saorálacha. Soláthraíonn NHIRL seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéineolaíochta do Chlárlann Smeara agus Plaitíní Neamhghaolmhara na hÉireann (IUBMR), agus i 2011 rinne an tsaotharlann tíopáil HLA ar 778 deontóir saorálach nua, á gcur leis an gclárlann.

San 10 bliain atá caite d'éascaigh an IUBMR 244 trasphlandáil deontóra neamhghaolmhara d'othair Éireannacha, rinneadh 70% (l=172) de na trasplandálacha seo sa chúig bhliain atá caite agus 33% (l=80) sa dá bhliain atá caite (Figiúir 1).


Soláthraíonn NHIRL, freisin, gnáthsheirbhís tíopála HLA i dtaca le galair. Sheas an tseirbhís seo do bhreis agus 50% d'imscrúduithe i 2011 (Figiúir 2). Tarchuirtear bunús na samplaí, d'fhonn láithreacht nó neamhláithreacht HLA-B27, bainteach le Spondailíteas Ankylosing, a chinneadh; galar réamatach pianmhar forásach a chuireann as don spíon agus do shiúntaí saicriliacha.

Ina theanntasan, soláthraítear seirbhís imdhíoneolaíochta chun iniúchadh séireolaíochta a dhéanamh ar thrombaicítipéine alla-imdhíonach nuabhreithe (NAIT), corcora iaraistriúcháin (PTP), athchuingireacht pláitíní, aló-imdhíonacht trompóicítipéine agus frithghníomhartha díobhálacha aistriúcháin. Go háirithe, mhéadaigh an líon imscrúduithe do NAIT de beagnach 30% i 2011, i gcomparáid le 2010.

Tíopáladh 448 deontóir pláitíní HLA-A, -B in iomlán agus cuireadh leis an bpainéal deontóirí iad chun tacú le táirge optamach pláitíní a sholáthar do na hospidéil. Mhéadaigh líon foriomlán na samplaí a fuarthas le imscrúdú ó 6,061 i 2010 go 6,189 i 2011.
Tá an tsaotharlann gníomhach i gcónaí i dtionscadail taighde le ospidéil agus ollscoileanna na hÉireann, d'fhonn leargas a fháil ar ról HLA agus géinte gabhdóirí ceall marfach Ig-cosúil (KIR) i ngalair éagsúla. Foilsíodh an páipéar seo a leanas i 2011 i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

- Sineirgíonn géinte imdhíonacha inbheirthe chun rioscaí meadaithe galair ainsealaigh a thuar in ionfhabhtaíocht víreas heipitíteas C. M Dring, M Morrison, B McSharry, K Guinan, R Hagan, Irish HCV Research Consortium, C O'Farrelly, C Gardiner. PNAS 2011; 108 (14): 5736-5741.

## Dáileadh Iniúchta



# Uathghrúpáil Deontóirí

Tá an Uathghrúpáil Deontóirí ag síoriarraidh na teicnící is nua-aimseartha tástála a thionscnamh agus an líon antaigíní deargchille is féidir tíopáil dóibh sa ghnáthshlí a mhéadú. I 2010 / 2011 suiteáladh dhá anailíseoirí nua tíopála fola sa tSaotharlann Grúpála Deontóirí agus tar éis bailíochtú fairsing coimisiúnaíodh iad le haghaidh gnáthúsáide. Lean comhdhlúthú tástála, a chéad-bhunaíodh i 2010, i rith na bliana sa Lárionad Náisiúnta Fola agus léiríonn an t-aistriú réidh ó thástáil réigiúnach go tástáil náisiúnta ar thiomantas na foirne sa dá ionad. Chinntigh seo go bhfuil ardchaighdeán seirbhíse ar fáil i gcónaí sa dá ionad.

Chun an úsáid is éifeachtúla a bhaint as an teicneolaíocht nua, aistrítear na samplaí grúpála fola uile ó na clinicí deontóirí fola chuig an LNF thar oíche agus tástáiltear iad an lá dár gcionn. D'éascaigh seo luathscaoileadh táirgí áirithe agus caighdeánú na modhanna tástála ar fud na tíre. Tá feinitíopáil leathan Rh á déanamh anois ar dheontóirí ó réigiún na Mumhan agus tástáil antaigine bhreise. Tá stair iomlán Rh anois ag breis agus 90% de dheontóirí gníomhacha na hÉireann, rua a chumasaíonn eisiúint thráthúil na n-aonad annamh d'othair le il-antashubstaintí aitheanta nó imdhíonacha.

I 2011 tástáladh breis agus 159,000 deonachán agus is gá tástálacha áirithe éigeantacha ar na haonair deargchille uile sul is féidir iad a scaoileadh le eisiúint.

Cuimsíonn siad seo tíopaí ABO & RhD agus scagthástáil d'antashubstaintí neamhrialta. Le linn 2011 fuilíodh breis agus 10,500 deontóir nua, nó 6% de na deonacháin uile. Faigheann breis agus 47% de dheontóirí lán-feinitíopa Rh (tíopa C, c, E agus e) gach uair a dheonann siad agus rachaidh 20% acu seo le haghaidh scagthástála nó tíopála breise. Tá na deonacháin seo ar fáil ansin le eisiúint d'othair a bhfuil fios faighte gur tháirg siad il-antashubstaintí deargchille. Le linn na bliana seo caite cuireadh aonaid dheargchille ar fáil do roinnt cásanna ina mbeadh minicíocht an tíopa cille ar leith sin i bpobal na ndeontóirí níos lú ná 1 sa 1000. I dtéarmaí iarbhír ciallaíonn seo, dá dtíopálfaí gach deonachán, nach mbeadh ach 3 deonachán sa tseachtain oiriúnach do chásanna dá sórt. Ach, le tíopáil roghnaitheach agus dea-riar stoic, tig aonaid a sholáthar i mbunús cásanna as stoc reatha le haghaidh úsáid éigeandála.

Chun ardleibhéal muiníne a choinneáil i gcaighdeán na tástála, glacann an tsaotharlann páirt rialta i National External Quality Assessment Scheme na Ríochta Aontaithe, i séireolaíocht agus i scagthástáil do Haemaglóibin S (scagthástáil chorránach HbS). Le linn an 8 bliain atá caite ag an tsaotharlann pairteach sa scéim fuarthas comhall 100% sna torthaí a cuireadh isteach. I mbliana, freisin, bhíothas rannphháirteach i scéim cáilíochta idirnáisiúnta faoi cheannas na Stiúrthóireachta Eorpaí um Cháilíocht Leigheasra & Cúram Sláinte. Cuireann seo torthaí breis agus 100 áis tástála idirnáisiúnta i gcomparáid lena chéile.

Cinntíonn páirteachas sna scéimeanna seo go bhfuil an tsaotharlann uasdátaithe agus géilliúil do na caighdeáin reatha náisiúnta agus idirnaisiúnta.

# Diagnóisic

## Lárionad Náisiúnta Fola

Soláthraíonn an tsaotharlann diagnóisice san LNF seirbhísí Imdhíon-haemaiteolaíochta Deargchille agus Réamhbhreithe d'ospidéil ar fud na tíre.

Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tSaotharlann Diagnóisice:

- Soláthar fola feinitíopáilte (gan é bheith ar fáil ón seilf)
- Soláthar fola crosmheaitseáilte do chásanna crua agus d'ospidéil gan Saotharlanna Fuilaistriúcháin
- Iniúchadh ar fhadhbanna antashubstainte
- Iniúchadh ar Fhrithghníomhartha Fuilaistriúcháin Haemalaíocha
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála.
- Iniúchadh ar Thástálacha Frithghlóbailin Díreacha dearfacha (othair agus deontóirí)
- Iniúchadh ar Ainéime Haemalaíoch Uath-imdhíonach
- Iniúchadh ar Ghalar Haemalaíoch Leanaí Nuabhreithe (HDN)
- Cosc HDN trí ghnáth-Scagthástáil Réamhbhreithe do thoirchis faoi phriacail (cuimsíonn sé cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí atá suntasach go cliniciúil).
- Fuil oiriúnach a sholáthar ag seoladh do thoirchis faoi phriacail
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe san ospidéal
- Feinitíopáil sínte d'othair atá spleách ar fhuilaistriúcháin.

In iomlán, tarchuireadh 2,350 sampla i 2011 (méadú 17% ó 2010).

Ba bhliain shuntasach í 2011 sa mhéid gur aimsigh an tsaotharlann antashubstaintí níos coimpléascaí, rud a léirigh deimeagraf athraitheach an phobail.

Tá an tSeirbhís Tagartha Éigeandála Deargchille Ar Glaoch um Imdhíon-haemaiteolaíocht, d'othair a bhfuil riachtanas práinneach acu le tástáil iniúchta/comhoiriúnachta antashubstainte ag feidhmiú go maith i gcónaí. Bhí 117 cás ann ina raibh eolaí de dhíth le seirbhís a sholáthar i 2010 (méadú 65% ar 2010).

Tionscnaíodh tástáil Cainníochtaithe Frith-c sa tsaotharlann i bhFeabhra 2011. Tá an tástáil seo ag feidhmiú go sásúil le 192 sampla ó 47 othar próiseáilte le linn na bliana. In iomlán, cainníochtaíodh 819 sampla i 2011 (méadú 41% ó 2010).

**"In iomlán, tarchuireadh 2,350 sampla i 2011 (méadú 17% ó 2010)."**

# Diagnóisic

### Ionad Chorcaí

Soláthraíonn an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí, seirbhísí crosmheaiteála do roinnt ospidéal cathrach agus feidhmíonn sé mar shaotharlann tagartha d'ospidéil laistigh de réigiún na Mumhan.

Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tsaotharlann diagnóisice:

- Soláthraíonn sé fuil feinitíopáilte (nach bhfuil ar fáil ón seilf)
- Imscrúdaíonn fadhbanna antashubstainte
- Imscrúdaíonn Frithgníomhartha Haemalíocha Aistriúcháin
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála
- Imscrúdaíonn Tástálacha Díreacha Frithghlóbailin deimhneacha
- Imscrúdaíonn Ainéime Uathimdhíonach Haemalaíoch
- Imscrúdaíonn Galar Haemalaíoch na Nuabhreithe (HDN)
- Soláthraíonn fuil chuí ag saolú do thoirchis rioscacha
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil fhairsing d'othair atá spleách ar fhuilaistriúcháin
- Líonadh orduithe ospidéil d'Fhuil Fheinitíopáilte
- Líonadh orduithe ospidéil d'Fhuil Ionradaithe
- Líonadh orduithe ospidéil do Phláitíní.

In iomlán, tástáladh 2,907 sampla i 2011, laghdú beag ar 2010, tarchuireadh 254 sampla i 2011 (méadú 33% ar 2010).

Tá an tSeirbhís Tagartha Éigeandála Imdhíon-haemaiteolaíochta Deargchille Ar Láithreán, d'othair a bhfuil riachtanas práinneach cliniciúil acu le tástáil Imscrúduithe/Oiriúnachta antashubstaintí, ag feidhmiú go maith i gcónaí.

"In iomlán, tástáladh 2,907 sampla i 2011, laghdú beag ar 2010, tarchuireadh 254 sampla i 2011 (méadú 33% ar 2010)."

# Seirbhísí Eile



# Baincéireacht Fíocháin

Tá an banc Fíocháin ag an LNF comhdhéanta de Bhanc Náisiúnta na Súl, an Banc Croíchomhlaí agus an Banc Fuil Chorda Imleacháin Dírithe/Siblíne agus tá sé ceadúnaithe faoin Treoir Fiochán agus Ceall 2004/23/CE a leagann síos na caighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta do dheonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fíochán agus ceall daonna. Imscrúdaíodh an Banc Fíocháin ag an IMB i Meán Fómhair 2011 de réir threoir Fíochán agus Ceall 2004 agus níor cláraíodh aon easnaimh.

Tá an banc freagrach as fíochán daonna a dháileadh lena úsáid sa mháinleacht optalmach, ar bhonn náisiúnta. Ar na táirgí a sholáthraítear tá coirní, scléara, aimnian agus peireacairdiam. Importáiltear na táirgí seo uile ó na SA. Bhí méadú 14% ar an éileamh ar choirní i 2011. Bhí 43% de na coirní iomportáilte réamhghearrtha (DSAEK), ardú 6% ar 2010. Soláthraíonn SFAÉ, freisin, braonta uathlógacha seiream súile d'othair le géarthriomacht súile, ar iarratas ó optailmeolaí.

Le linn 2011, d'éirigh le tionscadal gaschille Géagaí a oibríochtaí a aistriú ó shuíomh GLP go dtí na seomraí glana GMP a bhí lonnaithe i seomra an bhainc fíocháin. Le linn 2012, lorgóidh SFAÉ údarás ón IMB chun gaschealla géagacha le haghaidh úsáidí cliniciúla a tháirge faoin treoir um Tháirgí Míochaine Ardteiripe.

Leanann SFAÉ de phróiseáil, crióchaomhnú agus dáileadh fiochán daonna cardashoithíoch thar ceann Ospidéal Ollscoile Mater Miseracordiae. Le linn 2011, bhí méadú 70% ar na deonacháin croíchomhlaí don bhanc, ag tabhairt leibhéal na ndeonachán ar ais chuig leibhéil 2007/2008. Tá seo ag teacht leis an méadú a tugadh faoi deara i ndeonacháin orgán.

Bailíonn an banc fola Corda Dírithe/Siblíne agus crióchaomhnaíonn sé fuil chorda ar iarratas ó fhoireann oinceolaíochta/haemaiteolaíochta OLCHC. Bhí bailiúcháin fuil chorda imleacháin do 2011 níos lú de 45% ná an líon a bailíodh i 2010. Stóráiltear an fhuil chorda sa Lárionad Náisiúnta Fola le haghaidh úsáid na bhfaighteoirí beartaithe, amháin. I 2011, bailíodh agus stóráladh cúig aonad d'fhuil chorda. Tá 119 aonad in iomlán bailithe go nuige seo agus trasphlandáladh dhá cheann acu.

Feidhmíonn an clár fuil chorda dírithe faoi cheadúnas fhoras fíocháin SFAÉ, faoi IR158 de 2006 (Uimhir ceadúnais TE-012).

**"Le linn 2011, bhí méadú 70% ar na deonacháin croíchomhla."**

# Seirbhís Aifiréise Teiripí

Tá an tSeirbhís Aifiréise Teiripí lonnaithe sa Lárionad Náisiúnta Fola agus in Ionad Chorcaí agus cuireann sí cóireálacha Aifiréise Teiripí ar fáil d'othair sna príomh-ospidéil i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Cuirtear na cóireálacha seo ar fáil ar iarratas ó fhoireann cúram mhíochaine phríomhúil an othair. Seirbhís éileamh-bhunaithe í seo, arb é buaicphointí agus umair ceann dá príomhthréithe, agus déantar gach cóireáil i suíomh ospidéil ghéarmhíochaine. Déantar na gnáthaimh aifiréise ar othair le mí-oird haemaiteolaíochta, duánach, néireolaíochta nó heipiteolaíochta atá neamhghnách agus, go minic, bagrach don bheatha.

Tá Haemaiteolaí Comhairleach de chuid SFAÉ i gceannas na seirbhíse i ngach Ionad agus déantar measúnú míochaine ar gach othar ag sainfhoireann míochaine SFAÉ. Tá sainfhoireann míochaine SFAÉ ar fáil le comhairle a thabhairt maidir le gach gnáthamh agus caithfidh siad bheith i láthair do na chéad ghnáthaimh d'othair atá géarbhreoite agus, freisin, i gcás gnáthamh coimpléascach. Ar acht go bhfuil an t-othar aclaí agus go meastar an chóireáil a bheith oiriúnach, riartar agus bainistítear cóireálacha ag altraí aifiréise teiripí sainoilte. Malartú Plasma atá i gceist le bunús na ngnáthamh aifiréise teiripí, ach cuimsíonn cóireálacha eile, Malartú/Laghdú Ceall Deargfhola, Leocalaghdú agus Ídiú Pláitíní.

## Gnáthaimh Aifiréise


Ba é líon iomlán na ngnáthamh a rinneadh

- 2011 = 434

### Cineál Gnáthaimh

Malartú plasma i 98% de chásanna ab ea bunús na ngnáthamh a rinneadh.

### Cineál Gnáthaimh





### Gnáthaimh – in ord tosaíochta

- **Éiritheach:** bíonn gá le cóireáil do mhí-oird bhagarthacha i rith uaireanta lae nó oíche.
- **Práinneach:** gá le cóireáil do mhí-oird a éilíonn cóireáil ag deirí seachtaine nó ar laethanta saoire poiblí.
- **Roghnach:** gnáthaimh phleanáilte neamhphráinneacha a dhéantar le linn croí-uaireanta.
- **Cothabháil:** gnáthaimh phleanáilte neamhphráinneacha a dhéantar d'othair sheachtracha le linn croí-uaireanta.

# Seirbhís Aifiréise Teiripí

## Gnáthamh de réir Speisialtachta





## American Society for Apheresis (ASFA) – Catagóirí

Rangaítear cóireálacha de réir Catagóirí Táscaire ASFA 2010 (Catagóirí fianaise-bhunaithe a chuimsíonn boinn anailíse faoi cháilíocht fianaise mar aon le neart an mholta a fhaightear ón bhfianaise).

- Catagóir 1 - Teiripe caighdeánach inghlactha, príomhúil nó mar thaca do chóireálacha eile.
- Catagóir 2 - Teiripe tacúil, tacaíonn an fhianaise atá ar fáil lena éifeacht.
- Catagóir 3 - Ní leor na sonraí le héifeacht na haifiréise a chinneadh.
- Catagóir 4 - Léiríonn an fhianaise nach bhfuil aifiréis theiripeach éifeachtach.


De bharr ganntanas foirne sa Lárionad Náisiúnta Fola, cuireadh deireadh leis an tseirbhís tar éis gnáth-ama agus ar glao i Samhain.

## Gnáthaimh de réir Ospidéil




*Eile 5%, líon gnáthamh = 23; cuimsíonn seo an Mater Príobháideach, Beaumont agus SJH.

## Líon Gnáthamh / Othar



# An Oifig Náisúnta Haemafhaireachais (OHN)

## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

Feidhmíonn Haemafhaireachas chun faisnéis a bhailiú agus a mheas faoi éifeachtaí fuilaistríocháin nach raibh súil leo nó a bhí neamh-inmhianaithe, agus chun a dtarlú nó atarlú a chosc. Comhordaíonn an Oifig Haemafhaireachas Náisiúnta (OHN), lonnaithe i SFAÉ, haemafhaireachas in Éirinn, agus ina shaolré aon bhliain déag (2000-2010) tuairiscíodh 2,983 frithghníomh aistriúcháin agus teagmhais throma dhíobhálacha. Le linn 2011, bhí an Dr. Anne Fortune, haemaiteolaí Comhairleach, ina Stiúrthóir Gníomhach ar an OHN, go dtí Meitheamh 2011. Ina dhiaidh sin ba é an Dr. Ian Franklin, Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta SFAÉ a ceapadh mar Stiúrthóir ar an ONH.

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEs) – éigeantach agus neamh-éigeantach

D'athbhreithnigh agus ghlac an ONH le SAEs éigeantacha a bhí bainteach le cáilíocht agus sábháilteacht fola, faoi threoir Fola an AE 2002/98/CE. Tháinig na tuairiscí seo ó áiseanna, ó bhainc fola ospidéil agus ó fhorais fola, agus chuimsigh siad neasteagmhais nuair nach bhfuair othair fuilaistriú. Tuairiscíodh faoi chéad seasca a haon SAEs éigeantacha, nó 61% de na Teagmhais Dhíobhálacha uile. Ina theanntasan, tuairiscíodh 102 SAEs neamh-éigeantacha, bainteach le earráidí i réimsí cliniciúla go príomha, faoi fhreagracht ghairmiúil, nó 39% de na SAEs uile.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARs) – éigeantach agus neamhéigeantach

I 2011, ghlac an ONH le 130 SARs, go háirithe i gcatagóirí na bhFrithghníomhartha Ailéirgeacha Anaifileachtacha Géara ar Fhuilaistrithe agus na bhFrithghníomhartha Neamh-haemalaíocha Fiabhrasacha ar Fhuilaistrithe. Chomhlíon céad fiche a hocht SAR na critéir do thuairisc éigeantach faoi Threoir 2002/98/CE, le dhá SAR a raibh plasma SD a bhí bainteach leo neamh-éigeantach.

## Fógra bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus teagmhais Throma Dhíobhálacha (ANSARE)

I gcomhall threoir an Choimisiúin 2005/61/CE, Iarscríbhinn IID agus IIIC d'ospidéil a aistríonn fuil, caithfidh gach ospidéal a aistríonn fuil maraon le gach foras fola foirm ANSARE a chomhlánadh agus a sheoladh chuig an ONH. Ghlac an ONH le dhá chéad ochtó a naoi tuairisc éigeantacha i 2011, agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar líon beag cásanna ar leith, agus comhlánadh thuairisc ANSARE, atá ar siúl agus seo á scríobh.

## Comhdháil Bhliantúil ONH

Tháinig comhdháil Bhliantúil an ONH le chéile san Ostán Ríoga Radisson Blu, Baile Átha Cliath ar Aoine 11 Samhain 2011, le breis ar 200 toscaire i láthair a raibh cúlraí ildhisciplíneacha acu. Féachtar ar an gComhdháil mar dheis luachmhar líonraithe chun athdhíriú ar ghnéithe cliniciúla den Haemafhaireachas

# An Oifig Náisúnta Haemafhaireachais

trí thuairimí agus taithí indibhidiúla a roinnt. Ina aitheasc tosaigh d'aibhsigh an tAire Sláinte, an Dr. James Reilly, an tábhacht atá le feabhsú leanúnach i réimsí an ardchaighdeáin cúraim agus sábháilteacht na n othar, ag dearbhú go bhfuil na spriocanna seo insroichte, le tacaíocht ó shainaithint stóinsithe earráidí, agus ag lua haemafhaireachas mar shampla. D'aontaigh sé go léiríonn haemafhaireachas iarrachtaí agus comhoibriú éifeachtach tras-eagraíochtúil agus go mbíonn tionchar acu mar sin ar réimsí eile cúraim mar, an tábhacht atá le dearbh-aithint othar, bainistiú agus cleachtas níos fearr in aisiompú warfarin, feasacht maidir le frithghníomhartha troma díobhálacha mar ró-lódáil imshruthaithe atá bainteach le aistriúcháin (TACO), agus an gortú scámhóige atá bainteach le aistriúcháin (TRALI).

## Bord Leigheasraí na hÉireann (IMB)

Is é an IMB an tÚdarás Inniúil chun gach gné de Threoir Fola an AE a fhorfheidhmiú agus reáchtáladh cruinnithe athbhreithnithe cáis go rialta leis an ONH chun na teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

## Oideachas, ardú céime agus forbairtí

Tacaíonn ONH le forbairt leanúnach na gclár oiliúna inseirbhíse sna hospidéil agus oideachas fuilaistrithe do mhic léinn altranais agus eolaíocht leighis saotharlainne, trí dhlúth-chomhar le HVO ospidéalbhunaithe. Ina theanntasan, tá iarrachtaí ar bun chun sainoideachas aistriúcháin agus oiliúint don fhoireann leighis a mhéadú.

## Tionscnaimh Oideachas Haemafhaireachais ag DCU

D'éascaigh an chomhpháirtíocht idir Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais ag Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFAÉ) agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) an soláthar d'fhorbairt ghairmiúil céime aonair ó 2004 i leith, agus modúil iarchéime i bhfuilaistriúcháin agus haemafhaireachas ó 2008 i leith.

Tugann athfhorbairt ar mhodúil haemafhaireachais ghairmiúil ag leibhéal céime, maraon le infhaighteacht leanúnach na modúil iarchéime mar rogha aonair nó mar chuid do dhioplóma céime i gcleachtas altranais/cúraim sláinte, fianaise ar thiomantas an ONH tacaíocht agus oideachas leanúnach a thabhairt maidir le cleachtas sábháilte aistriúcháin. Léiríonn sé, freisin, tiomantas SFAÉ oibriú le forais acadúla chun bonn taighde a fhorbairt (Plean Straitéiseach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, 2010-12).

## r-Fhoghlaim

Lean SFAÉ ag ceadúnú agus ag soláthar an chláir r-fhoghlama 'Learnbloodtransfusion' do na hospidéil. Ba é an Scottish National Blood Transfusion Service (SNBTS) a d'fhorbair an clár seo leis an ONH, agus chuir SFAÉ leis an ábhar eagarthóireachta. Tá ocht modúl r-fhoghlama ann faoi fhuilaistriú. Le déanaí, cuireadh modúil eile leis maidir le táscairí faoi Ghlóbailin Imdhíonachta, Tarrthálas Ceall, Dea-Chleachtais Déantúsaíochta, agus Cleachtais Shábháilte Aistriúcháin Pheidiatraigh. Baineann seachtó a ceathair ospidéal a chleachtann

# Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann

fuilaistriúchán in Éirinn úsáid ghníomhach as an gclár, agus gabhann fochéimithe leighis agus altranais i roinnt ollscoileanna de na modúil mar riachtanas éigeantach den chúrsa. Ag deireadh 2011, as an 9,000 úsáideoir a chláraigh don chúrsa, bhí 58% acu ina n altraí, 23% ar an bhfoireann míochaine agus an 19% eile ina n-eolaithe míochaine, fleibeatóimithe, póirtéirí agus mic léinn.

Is í trasphlandáil gascheall ailigéineach fós an t-aon teiripe íceach do lúicéimí áirithe, siondróim teip smeara agus roinnt neamhord meitibileach ó bhroinn. Do go leor othar nach bhfuil acu an rogha ab fhearr leo, deontóir siblíne meaitseáilte, sholáthródh trasphlandáil gaschille meaitseáilte ó dhuine den 19 milliún deontóir saorálacha ar fud na cruinne malairt oiriúnach.

Chun freastal ar an ngá le deontóirí gaschille neamhghaolmhara d'othair in Éirinn agus go Idirnáisiúnta, bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) i 1989, agus cuimsíonn an painéal faoi láthair 20,293 deontóir. Ó 2001 i leith, tíopáiltear na deontóirí uile a théann ar an bpainéal neamhghaolmhar go heisiach, le modhanna DNA, ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht Imdhíoneolaíochta (NHIRL).

Tá an chlárlann ceadúnaithe ag Bord Leigheasra na hÉireann faoi Threoir Fíocháin 2004/23/CE an AE agus rinne baill BLÉ inniúchadh rathúil air i Meán Fómhair 2011.

## Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991 i leith, tá IUBMR clannaithe le Cumann Domhanda na nDeontóirí Smeara (WMDA), eagraíocht a leagann síos na caighdeáin oibríochtúla do chlárlanna smeara ar fud an domhain. Bhain IUBMR stádas creidiúnaithe amach le WMDA i 2007 agus ba é an 8ú Clárlann ar Domhan a creidiúnaíodh. Tá 20 clárlann ar fud an domhan cláraithe anois.

Tá sé dian deacair Creidiúnú a choinneáil, leis an athbhreithniú bliantúil agus iniúchadh ar láithreáin gach ceathrú bliain. Beidh an chéad chuairt ar láithreán ag IUBMR ó bhaill creidiúnúcháin WMDA go luath i 2012.

## Othair Éireannacha

Lorgaíonn an chlárlann deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ar Dheontóirí Smeara Domhanda (BMDW) thar ceann Lárionaid Trasphlandála na hÉireann in Ospidéal San Séamas (SJH) agus Ospidéal Mhuire do Pháistí, Cromghlinn (OLCH). I 2011, tarchuireadh caoga a cúig (55) othar chuig IUBMR le haghaidh cuardach neamhghaolmhar.

Fuair daichead a haon (41) othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolmhar i 2011 (Fig.1). Foinsíodh tríocha a ceathair (34) deonachán gaschille ón Eoraip, lena n-áirítear Éire (8), agus seacht (7) ó lasmuigh den Eoraip.

Fuair bunús na n-othar nódú PBSC (22), Smior (17), cordaí (2). Cúigear déag (15) de na hothair a fuair PBSC, bhí trasphlandáil comhoiriúnaithe le déine laghdaithe (RIC) acu.

# Cláránn Smior Neamhghaolmhar na hÉireann

Ba é an táscaire ba choitianta d'othair a trasphlandáladh i 2011 ná AML/MDS (16) 39%, Liomfómaí (9) 22%, Ainéime (8) 19%, ALL (4) 10%, CML (2) 5%, Eile (2) 5%.

I gcomparáid leis na hothair a trasphlandáladh i 2010, bhí ALL triúr déag (13) 33%, Liomfómaí beirt (2) 5% agus Ainéime ceathrar (4) 10%.

## Deontóirí Éireannacha

Earcaítear saorálaithe smeara ag altraí earcaíochta smeara i gclinicí deonachán fola dhá lá sa tseachtain. Earcaíodh 633 deontóir don phainéal i mbliana. Baineadh 914 deontóir den phainéal, áfach; 377 toisc go raibh an uasteorann aoise sroichte acu agus gearradh amach bunús den fhuílleach tar éis athbhreithnithe painéil mar ullmhú do bhunachar sonraí nua.


As an 20,393 deontóir ar an bpainéal, tá a mbunús san aoisraon 36-45 agus cosúil le clárlanna ar fud an domhain, tá níos mó ban (54%) ná fir ina measc.

Nuair a sainaithnítear deontóir Éireannach mar mheaits fhéideartha d'othair, comhairlítear é/í agus déanann altra ceardlann smeara athbhreithniú míochaine air/uirthi. Glactar samplaí chun leibhéal níos airde tíopála agus marcóirí galair ionfhabhtaíocha a dhéanamh (IDMs).

Más meaits oiriúnach an deontóir don fhaighteoir féideartha, tosaíonn an deontóir an próiseas ullmhaithe a chomhordaítear le Ospidéal San Séamas, an t-ionad bailiúcháin d'aosaigh.

Feicfidh Stiúrthóir Míochaine/ainmnithe IUBMR an deontóir, maraon le lia leighis neamhspleách agus

## Trasphlandálacha IUBMR a Éascaíodh ó Dheontóirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta 2000-2011



an comhairleoir a bheidh ag gabháil don phróiseas bailiúcháin, d'fhonn oiriúnacht an othair don ghnáthamh a mheas. I 2011, thug aon dheontóir déag deonachán: dheonaigh 8 PBSC agus 3 smior.

## Bunachar Sonraí Deontóírí


Faoi láthair coinníonn bunachar sonraí SOLAR taifid na ndeontóirí IUBMR uile. I 2011, tosaíodh forfheidhmiú an bhunachair sonraí nua, Prometheus. Tá seo forfheidhmithe cheana in an-chuid clárlann smeara ar fud an domhain.

Nascfar bunachar sonraí Prometheus leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Dheontóirí Smeara (EMDIS) a bhfuil go leor clárlann ar fud an domhain cláraithe leis. Seirbhís teachtaireachta é EMDIS a fheidhmíonn mar chlárlann fhíorúil idirnáisiúnta. Is modh ar líne é chun rochtain ar chlárlanna idirnáisiúnta agus laghdaíonn sé an gá le facs/r-phost. Cuideoidh sé, freisin, le uathoibriú sreafa oibre na gclárlann.

## Imeachtaí Idirnáisiúnta

Fuarthas réamhchuardaigh thar ceann 286 othar idirnáisiúnta ar gníomhachtaíodh 70 acu de bharr a n-iarratas ar thíopáil bhreise. Lean triúr deontóirí PBSCs ag deonadh d'othair idirnáisiúnta. Dhá dheonachán don Eoraip agus ceann amháin lasmuigh den AE.

**Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann: Deonacháin Gaschille Deontóirí Neamhghaolmhara na hÉireann 2000-2011**



# An tAonad Rianaithe Faighteoirí

## Aonad Rianaithe Faighteoirí


I 2011, chríochnaigh an tAonad Rianaithe Faighteoirí (RTU) go rathúil an tasc maidir le faighteoirí aitheanta Frith D ionfhabhtaíoch nó ionfhabhtaíoch féideartha a rianadh agus tástáil a thairiscint dóibh, ón dá thréimhse riosca 1977-1978 agus 1991-1994, mar an chéim deiridh den Chlár Náisiúnta Scagthástála do Fhrith-D/VAC. Ba chúram ollmhór é seo, a raibh ní hamháin ARF i gceist leis, ach, freisin, comhoibriú agus tacaíocht na ranna saotharlainne, míochaine, altranais agus taca i SFAÉ, maraon le go leor gníomhaireachtaí seachtracha.

Tháinig dúshláin mhóra orainn agus muid ag rianadh agus ag athrianadh daoine de bharr roinnt toscaí, e.g. gan teacht againn ar thaifid sheolta SFAÉ, taifid máithreachais ospidéil a bheith ar iarraidh nó uireasach, easpa faisnéis chriticiúil aitheantais, athruithe ainmneacha, toirchis rúnda, agus patrúin méadaithe inimirce le linn na dtréimhsí ama i gceist. Sáraíodh iad seo uile, áfach, trí naisc a bhunú le líonra leathan ilchineálach d'eagraíochtaí seachtracha in Éirinn agus thar lear, a chuidigh go mór leis an ARF teacht ar dhaoine. Mar thoradh ar Chlár Rianaithe an-rathúil a forbraíodh idir SFAÉ agus roinnt gníomhaireachtaí tábhachtacha in Éirinn agus thar lear, tháinig an ARF ar fhaighteoirí i gcúig mhór-roinn. De thoradh rianaithe fhairsing, d'éirigh le ARF teacht ar 99% acu siúd a sainaithníodh don chlár.

### Clár Náisiúnta Rianaithe agus Scagthástála Frith-D / VHC

Tástáladh 14,724 (98%) faighteoir in iomlán as 15,080 ar sainaithníodh go bhfuair siad baisceanna ionfhabhtaíocha féideartha Frith-D ón dá thréimhse riosca. As na daoine a tástáladh, thástáil 1,089 (7%) Elisa-deimhneach, a raibh 503 (3.4%) acu PCR-deimhneach, rud a léirigh ionfhabhtaíocht leanúnach VHC. Thástáil an fuílleach de 13,577 (91%) VHC-diúltach. Tairgeadh tástáil do 1% eile nár roghnaigh a bheith tástáilte, fuarthas go raibh 1% galrach, agus bhí níos lú ná 1% ann nár rianaíodh. Bunús na ndaoine PCR-deimhneach a sainaithníodh, i.e. 91%, bhí siad as cohórt 1977-79, agus ní raibh ach 9% as cohórt 1991-94.

### Clár Scagthástála Náisiúnta Frith-D/HCV Achoimre na dTorthaí Deiridh don dá thréimhse riosca 1977-79 & 1991-94



### Clár Athdhearbhaithe

Bunaíodh an Clár Athdhearbhaithe lena chinntiú, i gcás na ndaoine uile a fuair an bhaisce ionfhabhtaíoch nó ionfhabhtaíoch féideartha Frith-D agus a thástáil VCH-diúltach cheana, go dtairgfí atástáil VCH dóibh agus go luafaí leo an bhaisce a fuair siad. As an 9,884 duine a tástáladh faoi chlár CA, thástáil beirt (0.1%) VCH EIA agus PCR-deimhneach arna n-atástáil. Nochtadh an bheirt dheimhneach seo i 1993 agus tástáladh iad i 1994, níos lú ná bliain tar éis a nochta, i.e. laistigh den tréimhse fuinneoige 'séiritiontaithe'. D'atástáil an fuílleach de 9,882 (99%) VHC-diúltach.

### Clár Athshuíomh Deontóirí

Ó ba fhuildeontóirí go leor de na daoine VHC-diúltacha seo, tugadh prótacal speisialta tástála isteach lena chinntiú go bhféadfaidis leanúint ag deonadh agus ag cuidiú chun an soláthar fola Rh-diúltach a choinneáil slán. De thoradh an chláir seo athshuíodh 5,109 deontóir ar phainéal na ndeontóirí agus astu seo dheonaigh 3,347 athuair.


### Críochnú na gClár

Cuireadh Tuarascáil Deiridh ar an gClár faoi bhráid an tSainghrúpa um Heipitíteas C agus na Roinne Sláinte agus Leanaí i Meitheamh 2011, agus ghlac an tAire Sláinte léi i Lúnasa 2011.

Tá deireadh curtha ag an RTU, mar sin, le rianú gníomhach, ach leanfar den chabhairlíne rúnda (1800 222 111), ar mhaithe le éinne nár bhain leas as tástáil ach ar mhian leo go dtástálfaí iad amach anseo nó a éilíonn leanúint le aon ghné den chlár. Tá an sainchúram air, freisin, leanúint ag riar athshuíomh deontóirí, ar shiarfhéachtaintí spriocdhírithe agus ar fhiosruithe dlí.

> **"De thoradh rianaithe fhairsing, d'éirigh le ARF teacht ar 99% acu siúd a sainaithníodh don chlár."**

# Cáilíocht agus Comhail




**"Bhí an fócas i 2011 ar na caighdeáin is airde Cáilíochta agus Comhaill a choinneáil ar fud SFAÉ agus laghdú/éifeachtúlacht costais a chinntiú i ngach réimse."**

# Cáilíocht agus Comhall

Bhí an fócas i 2011 ar na caighdeáin is airde Cáilíochta agus Comhaill a choinneáil ar fud SFAÉ agus laghdú/éifeachtúlacht costais a chinntiú i ngach réimse. Forfheidhmíodh roinnt réiteach nuálach le dea-thoil na foirne, chun leanúnachas na ngníomhartha tástála a chinntiú. Chinntigh tuairisciú rialta ráithiúla na Méadrachta Comhall Cáilíochta ag leibhéal an Fheidhmeannais, agus Choistí Iniúchóireachta agus Comhaill Bhord SFAÉ, go raibh fócas cuí ar choinneáil na gcaighdeán. Thosaigh athbhreithniú ar fheidhm na Cáilíochta i nDeireadh Fomhair 2011.

Mar chuid den athbhreithniú rialaithe, rinneadh iniúchadh ar SFAÉ faoi dhó le linn 2011, mar Fhoras Fola ceadúnaithe. Scrúdaíodh imeachtaí an Bhanc Fiocháin, freisin, ag an Údarás Inniúil d'Fhíochán agus Cealla, Bord Leigheasra na hÉireann, i Meán Fómhair 2011. B'ábhar suntais é nár cláraíodh aon chomhluanna le linn an scrúdaithe. Ina theanntasan, rinneadh scrúdú Dea-Chleachtais Dáileacháin ar an LNF, maidir le gníomhaíocht ceadúnaithe mórdhíola.

Tógadh cás faoi 19 neamh-chomhréireacht le linn na n-iniúchtaí seo, 18 a cláraíodh mar eile agus 1 neamh-chomhréireacht mhór amháin. Bhain an neamh-chomhréireacht mhór le bainistiú deontóirí lasmuigh de na híosteorainneacha Haemaglóibine.

Ina dhiaidh seo, ghlac SFAÉ ar láimh mórthionscadal chun tástáil fhéitheach haemaglóibine a thabhairt isteach i gclinicí, lena chinntiú nach bhfuilítear deontóirí ach ag/thar an íosleibhéal haemaglóibine. Tá sé beartaithe go dtabharfar an tástáil seo isteach ar bhonn náisiúnta faoi Mhárta 2012.

Mar chuid den Chóras Bainistithe Cáilíochta, tá clár iniúchta inmheánaigh críochnaithe. Rinneadh 46 iniúchadh comhaill go hinmheánach le linn 2011, agus ina theanntasan rinneadh 8 iniúchadh díoltóra.

Riartar na hiniúchtaí agus freagraí seo in r-chóras riartha cáipéisí SmartAudit. Corpraíonn an córas tuairisciú cuimsitheach ar chomhaill agus neamhchomhaill agus ar na gníomhartha ceartaithe agus cosctha a bhaineann leo.

Ní thomhaistear comhall i SFAÉ trí iniúchtaí amháin (seachtrach/inmheánach), ach trí ghabháil agus tuairisciú teagmhas. Faoi dheireadh 2011, aimsíodh ráta clabhsúir 82.5% ar bhonn náisiúnta do thuairiscí teagmhais (IRs), rud a thagann leis an sprioc de 80%. Ar nós blianta eile, bhí bunús na IRs tógtha in aghaidh imeachtaí láimhe. Iarchuireadh tionscnamh an SmartCAPA le linn 2011, le go gcomhtharlódh sé leis na hathruithe in ailtireacht fheidhm na cáilíochta. Tá sé beartaithe go ndéanfar an córas CAPA a athdhearadh i 2012.

Tuairiscítear na rátaí clabhsúir do bhearta eile go rialta, freisin. Ba é 95% an ráta clabhsúir d'orduithe an athraithe (athruithe SOP) ag deireadh na bliana, in aghaidh spriocráta 80%. Ba é 77% an ráta clabhsúir do rialuithe an athraithe (athruithe próisis) go náisiúnta, ag deireadh na bliana, in aghaidh spriocráta de 60%.

An tionscadal chun SOPs a náisiúnú, ar siúl ó Bhealtaine 2009, d'aimsigh sé 900 SOPs náisiúnta faoi dheireadh 2011. Ba é 915 an sprioc a leagadh síos. Cé go raibh easnamh ann ó thaobh shroicheadh na sprice, tá laghdú foriomlán de 13% i líon iomlán

# Cáilíocht agus Comhall

na SOPs, trí chomhtháthú agus sruthlíniú, ó tosaíodh an tionscadal.

Tionscnaíodh feachtas mór chun foireann uile SFAÉ a athoiliúint i nDea-Chleachtais Déantúsaíochta do na Seirbhísí Fola i 2011. Don chéad uair, trí chomhoibriú na bhfeidhmeanna oiliúna agus cáilíochta, forbraíodh clár uathúil sainchuspóra agus seachadadh é ar beagnach 80% den fhoireann náisiúnta faoi Nollaig 2011. Críochnófar an fuílleach go luath i 2012.

Mar chuid fíor-riachtanach den tseirbhís, tá córais láimhseála gearán i bhfeidhm le haghaidh na ngearán táirge agus seirbhíse. Le linn 2011, ghlac an Roinn Seirbhís Deontóra úinéireacht ar an gCóras Gearáin Seirbhíse. Réitíodh 98.2% de na gearáin in am, feabhsú mór ar na blianta roimhe sin.

Tá sprioc de 90% clabhsúir ag an gCóras Gearán Seirbhíse, ach ag deireadh na bliana sheas an ráta náisiúnta ag 76%. Cé go n-éilíonn roinnt gearán imscrúdú coimpléascach, is réimse é seo a bhfuil feabhsú de dhíth air. Lean líon iomlán na ngearán ag dul i laghad, áfach, le 901 in iomlán cláraithe go náisiúnta i 2011, laghdú 8% ar fhigiúirí 2010.

Cion tairbhe mór ab ea tionscnamh an r-chórais ordaithe ar líne dár n-ospidéil, ar tháinig caighdeán seirbhíse ar leibhéal níos fearr dár gcustaiméirí dá thoradh.

Leanann an laghdú ar thorthaí deimhneacha bréagacha sa Chlár um Scagthástáil Bhaictéarach le linn 2011, agus bhí laghdú breise dá thoradh ar aisghairmeacha. Le linn 2011, tionscnaíodh 212 aisghairm, rud ab ionann agus laghdú 21% ar an bhfigiúr de 269 i 2010. Tá treocht leanúnach síos ar aisghairmeacha tairgí ó 2009 i leith.

Mar chuid dá dualgais rialála, feidhmíonn SFAÉ córais faireachais a chlúdaíonn Faireachas Deontóirí, Haemafhaireachas agus Faireachas Fíocháin.

Le linn 2011, bhí 405 cás Faireachas Deontóirí ann a imscrúdaíodh, agus bainistíodh na deontóirí mar ba chuí. Déantar treochtaí na sonraí seo a rianadh agus a thagarmharcáil in aghaidh Seirbhísí Fola eile na hEorpa.

Díorthaítear tuairiscí haemafhaireachais laistigh den Fhoras Fola trí IRs, mar Theagmhais Thoma Dhíobhálacha féideartha (SAEs), agus trí ghearáin faoi tháirgí, mar SAEs féideartha agus mar Fhrithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARs).

Tiomsaíonn an fheidhm Cáilíochta na tuairiscí seo agus tuairiscíonn sí iad don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) gach ráithe, agus don Údarás Inniúil, Bord Leigheasra na hÉireann (IMB), gach bliain trí thuairisc dheireadh na bliana.

Dearbhaíodh 34 SARs agus 44 SAEs leis an ONH i 2011.

Mar chuid de bhailíochtú seachtrach ghníomhartha na Saotharlainne Tástála, glacann gach Saotharlann Tástála i SFAÉ (a chlúdaíonn Grúpáil, Diagnóisic, HLA, Víreolaíocht, TAN agus QC) páirt i scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh (Equas). Scóráiltear gach sampla tástáilte de réir na dtorthaí seachtracha a bhfuil súil leo.

Mar chríoch, seo cuid de na tionscnaimh a tosaíodh/ forfheidhmíodh le linn 2011 agus a chothaigh feabhsuithe i gcórais SFAÉ:

- tionscnamh an Chórais Ordaithe Leictreonach ar líne d'ospidéil. Tá beartaithe go gcríochnófar seo go náisiúnta i R1 2012;
- cinnteoidh dearadh agus bailíochtú córais monatóireachta leictreonacha imshaoil gan páipéar ag an Roinn Monatóireachta Imshaoil, go mbeidh seachadadh na dtorthaí níos cruinne/tráthúla agus go gcumasóidh sé rianadh níos leithne, agus críochnú treochtaí agus tuairiscí. Ba chóir go mbeidh an córas lánfheidhmiúil faoi R2 2012;
- d'fheabhsaigh tionscnamh Mheasúnacht Procleix Ultrio ar Theicneolaíocht Tigris TAN le linn 2011, tástáil shábháilteacht fola na ndeontóirí;
- críochnaíodh dearadh agus forbairt shonraíocht na riachtanas cuimsitheach do Chóras Ríomhaireachta Leictreonach Fola agus Fíocháin i 2011.

Trí rannpháirt a ghlacadh i bhforbairt Shonraíocht Mála Fola Europack agus trí chur le próiseas tairisceana Mhála Fola Chomhaontas Fola na hEorpa (EBA), cothaíodh malartú níos fearr i leith taithí agus eolais ag Seirbhísí Fola ar fud na hEorpa. Tá SFAÉ lán-rannpháirteach sna fiontair seo agus gheobhaidh sí buntáiste dearfach san fhadtréimhse tríd an rannpháirtíocht seo.

**"Críochnaíodh dearadh agus forbairt shonraíocht na riachtanas cuimsitheach do Chóras Ríomhaireachta Leictreonach Fola agus Fíocháin i 2011."**



# Úsáid Fuinnimh

**“Tá príomh-úsáideoirí fuinnimh SFAÉ lonnaithe in ár n-áiseanna próiseála agus tástála: as an bhfuinneamh uile a chaitheann an eagraíocht, baineann 80% den iomlán leis an Lárionad Náisiúnta Fola.”**

# Úsáid Fuinnimh

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh

Tá príomh-úsáideoirí fuinnimh SFAÉ lonnaithe in ár n-áiseanna próiseála agus tástála: as an bhfuinneamh uile a chaitheann an eagraíocht, baineann 80% den iomlán leis an Lárionad Náisiúnta Fola, 12% le Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan, 5% lenár gcabhlach de 19 feithicil agus an 3% atá fágtha lenár sé ionad réigiúnacha.

Tá beagnach dhá thrian den fhuinnimh a úsáidtear i LNF agus IARM á úsáid sna saotharlanna táirgthe agus tástála: mar shampla, úsáidtear an chumhacht do na próisis táirgthe agus tástála, d'fhuarstóráil táirgí fola agus imoibrithe, agus d'áiseanna mar aerchóiriú chun críche táirgthe.

Tá soilsiú, trealamh oifige, agus aerchóiriú oifigí freagrach as an gcuid eile den fhuinneamh sna háiseanna seo.

I 2011, chaith SFAÉ 11,040 MWh fuinnimh, laghdú 6% ar an bhfuinneamh a caitheadh i 2010.

Tá an miondealú ar fhigiúirí 2011 mar a leanas:

- 5,424 MWh leictreachais;
- 5,617 MWh de bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear 5,013 MWh de ghás nádúrtha agus 603 MWh de bhreoslaí iompair.

## Cúlra do choigealtas fuinnimh

Críochnaíodh tógáil an Lárionaid Náisiúnta fola i 1999, agus corpraíonn sé go leor gaireas sábhála fuinnimh mar atá, tiomántáin athraitheacha luais ar chaidéil agus ghaothráin. Optaimíonn an eagraíocht i gcónaí feidhmiú gaireas dá sórt, d'fhonn coigealtas fuinnimh a uasmhéadú.

Feidhmíonn an eagraíocht laistigh de Chóras Cáilíochta ina bhfuil diansmacht ar chúinsí inár seomraí fuara agus i bhfearais, agus diansmacht ar pharaiméidí imshaoil ar nós an teasa i saotharlanna. Laghdaigh an samhradh measartha fionnuair i 2011 an fuinneamh a bhí de dhíth d'aerchóiriú na saotharlanna.

Is gá géarscrúdú agus measúnú a dhéanamh roimh ré ar na hathruithe is mian linn a dhéanamh ar fhóntais chun fuinneamh a shábháil, chun a chinntiú go bhfuil a dtionchar ar tháirgí agus ar Chóras Cáilíochta na heagraíochta inghlactha ag an eagraíocht.

## Gníomhartha a glacadh ar láimh i 2011


I 2011, ghlac SFAÉ ar láimh raon tionscnamh chun feidhmíocht i gcúrsaí fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Uasghrádú rialú an tsoilsithe sa phríomh-shaotharlann táirgthe a shábháil 61 MWh measta in aghaidh na bliana.
- Bhí SFAÉ rannpháirteach sa chlár Energy MAP a d'eagraigh Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, ag leiriú a tiomantas don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus na spriocanna a leagadh síos i gClár Éifeachtúlachta na hEarnála Poiblí.

## Gníomhartha beartaithe do 2012

I 2012 tá beartaithe ag SFAÉ feabhas breise a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a ghlacadh ar láimh:

- Athruithe ar mhodh oibre an aerchóirithe sa phríomhshaotharlann táirgthe, a d'fhéadfadh suas le 80 MWh in aghaidh na bliana a shábháil.
- Suiteáil comhbhrúiteora nua aeir agus rialtán bhainteach a bheidh ag teacht leis an riachtanas laghdaithe d'aer comhbhrúite inár n-áis san oíche. Beidh sábháil de 25 MWh measta ar chaiteachas leictreachais na bliana dá thoradh.
- Rannpháirt bhreise i gclár Fhuinneamh MAP.



# Acmhainní Daonna

**“Is é cuspóir Acmhainní Daonna ná a chinntiú go dtig le fostaithe SFAÉ freastal ar dheontóirí agus ar othair.”**

# Acmhainní Daonna

Is é cuspóir Acmhainní Daonna ná a chinntiú go dtig le fostaithe SFAÉ freastal ar dheontóirí agus ar othair.

I 2011, díríodh tionscadail ar bhreis éifeachtúlachta a aimsiú trí chleachtais níos fearr agus trí chríochnú rathúil roinnt clár athraithe a thagann faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

## Tomhas Feidhmíochta

Treoraíonn EMT an córas tomhas Feidhmíochta, a nascann feidhmíocht ar fud na heagraíochta. Dearadh agus forbraíodh é le rannpháirt fostaithe de ghráid agus de dhisciplíní éagsúla. Cuirfidh spriocanna sainithe ar ár gcumas feidhmíocht a thomhas go comhsheasmhach.

## Tionscadal um Bainistiú Athruithe

Cothaímid agus spreagaimid i gcónaí cultúr an athraithe leanúnaigh a chuimsíonn seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin. Thug athstruchtúrú na clinice seasta in Ionad Chorcaí dúinn an chéad chlinic hibride pláitíní aifiréise / lánfola, le múnla uainchláir d'uaireanta comhiomlánaithe.

## Oiliúint & Forbairt Chorparáide

Ba iad na príomhréimsí Oiliúna & Forbartha Corparáide ar díríodh orthu i 2011:

- Beartas agus Gnáthaimh AD
- Oiliúint EH&S do bhainisteoirí agus don fhoireann.

Chonacthas d'fheidhm Oiliúna agus Forbartha SFAÉ i 2011 go raibh na gníomhartha seo a leanas ar siúl agus gur riachtanais éigeantacha oiliúna agus forbartha an bhuanfheabhsaithe iad;

## Tionscadail Oiliúna agus Forbartha

- Pleanáil Theagmhasach Comharbais agus Scileanna. Tá Plean Comharbais forbartha ag an tionscadal seo do rólanna criticiúla gnó laistigh de SFAÉ. Cinnteoidh seo go gcoinneofar cuimhne chorparáide trí ionadú do phríomhrólanna a phleanáil trí oiliúint na scileanna cuí.
- Cumarsáid inmheánach – Athlainseáladh Nuachtlitir na Foirne agus críochnaíodh eagarfhocal inlín agus uasdátú na formáide.

# Acmhainní Daonna

| Cláir Oiliúna & Forbartha Corparáide | Freastal Iomlán |
| --- | --- |
| **Clár Treoshuímh Corparáide** | 20 |
| Beartais & Gnáthaimh AD, lena n-áirítear | |
| • Athbhreithniú Beartas & Gnáthamh na Foirne AD | 350 |
| • Clár Cúnaimh d'Fhostaithe | 75 |
| • Airgeadas & Buiséadú | 25 |
| • Oiliúint do na córais Chroí-AD | 11 |
| **Cláir Oiliúna EH&S, lena n-áirítear** | 207 |
| • Láimhsiú (modúil éagsúla saincheaptha) | 110 |
| • Sábháilteacht Dóiteáin | 40 |
| • Maor Dóiteáin | 36 |
| • Eirgeanamaíocht / Feasacht ar Iompar Coirp (clinic) | 23 |
| • Measúnú Rioscaí Ceimiceacha | 30 |
| • Sábháilteacht Tiománaí | 68 |
| • Pleanáil d'Aslonnú Éigeandála | 19 |
| • Coiste Sláinte & Sábháilteachta / Ionadaí | 24 |
| • Sábháilteacht Saotharlainne | 170 |
| • Nochtadh Fola Gairmeacha (forbartha ina SOP) | 69 |
| • Measúnú Rioscaí Feidhmeanna | 21 |
| • Ráiteas Sábháilteachta | 11 |
| • Sábháilteacht Radaíochta | 5 |
| • Sábháilteacht Conarthóra | 11 |
| **Forbairt Scileanna**<br>Seirbhís Custaiméara / Cumarsáid Cliantláraithe, Oifig MS, Minitab le Staitisticí, Bailíochtú Próisis, Riarachán Gairmiúil, Bainistiú Tionscadail, Bainistiú Feidhmíochta & Scileanna Maoirseoireachta. | 53 |
| **Scéim Oideachais SFAÉ-chuidithe**<br>Tugadh cúnamh airgid don bhreisoideachas i ndisciplíní éagsúla, lena n-áirítear Oibríochtaí, Bainistiú Gnó nó Cúram Sláinte, Eolaíocht Bithleighis, Altranas agus Leigheas. Tá bunús an Chúnaimh Oideachais ann do chláir a fhaigheann dámhachtain acadúil. | 17 nua<br>11 leanúnach |

## Seirbhísí Leabharlainne

Leanann an Leabharlann ag tiomáint agus ag cothú foghlama, taighde agus riachtanais faisnéise fhoireann SFAÉ.

Tugadh oiliúint i bhfoinsiú faisnéis ardchaighdeáin leighis agus bainistíochta, fad a coinníodh ar siúl na seisiúin scileanna leabharlainne agus faisnéise do ghrúpaí agus do dhaoine aonair le linn 2011. Táirgeadh treoirleabhair nua leabharlainne maidir le scileanna cuardaigh agus tagartha.

Mar fhreagra ar fhorbairt sheirbhís foláirimh agus feasachta reatha na leabharlainne, ceapadh nualiostaí r-phoist sainábhair, le haghaidh taighde gaschille agus víreas xéineatrópach muirídeach leoicéime víreasghaolta (XMRV). Coinníonn an leabharlann anois breis agus 50 liostaí sainábhair a dtig leis an bhfoireann síniú dóibh agus uasdátaí a fháil ina réimsí spéise féin.

Leanann foireann na Leabharlainne ag forbairt feabhsuithe don Inlíon, sa tslí gur fusa anois faisnéis a uaslódáil agus a tháirgeadh, agus ag soláthar treoracha chun an fhoireann a spreagadh le ábhar a uaslódáil ar an Inlíon iad féin.

Cuireadh breiseanna leis an gcartlann dhigiteach ghrianghrafach d'íomhánna a rianaíonn stair na heagraíochta ó 1940 go dtí an lá inniu. Rinneadh íomhánna a chomhroinnt leis an bhfoireann tríd an Inlíon agus trí nuachtlitir na foirne I-ByTeS.

Leanann an Leabharlann dá ról maidir le cumarsáid inmheánach na heagraíochta, ós rud é go ndéanann an Oifigeach Taighde / Leabharlannaí comh-eagarthóireacht ar nuachtlitir foirne SFAÉ, I-ByTeS.

Bhí an tOifigeach Taighde / Leabharlannaí i láthair, freisin, ag comdhálacha éagsúla laistigh den leabharlann agus den bhráithreachas taighde chun caidreamh a chothú agus an eagraíocht a chur chun cinn. Thug roinnt grúpaí leabharlainne cuairt ar an leabharlann, lena n-áirítear mic-léinn UCD agus DBS a bhí ag staidéar Eolaíocht Leabharlainne agus Faisnéise. D'óstáil an Leabharlann, freisin, dhá cheardlann "Academic Writing for Librarians" i 2011.

## Sláinte agus Sábháilteacht Imshaoil

Tá ról tábhachtach ag Sláinte agus Sábháilteacht Imshaoil i gcinntiú comhall reachtaíochta agus go leanfar ag forbairt agus ag glacadh le cláir chuimsitheacha sláinte, sábháilteachta agus leasa.

Comhairliúchán agus Cumarsáid faoi Shláinte agus Sábháilteacht Imshaoil

- Coistí Réigiúnacha Sláinte agus Sábháílteachta
  Leasaíodh na Coistí Réigiúnacha Sláinte agus Sábháilteachta le comh-Théarmaí Tagartha sna hIonaid SFAÉ in: Ceatharlach, Tuaim, Baile Átha Fhirdhia agus an LNF (Sr. D'Olier agus Stigh Lorgan), agus cuireadh oiliúint ar fáil do gach coiste réigiúnach.
- An Coiste Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíle
  Athbhunaíodh an Coiste Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíle le Téarmaí Tagartha leasaithe.

## Próiseas Measúnaithe Rioscaí Sláinte agus Sábháilteachta SFAÉ

Athbhreithníodh próiseas measúnaithe na rioscaí sláinte agus sábháilteachta ar fud na heagraíochta i 2011. Is í an aidhm ná, a chinntiú go nglactar le cur chuige caighdeánaithe formálta maidir le measúnú rioscaí, i ngach réimse.

# Acmhainní Daonna

De thoradh an phróisis athbhreithnithe seo tugadh isteach:

- Sainteimpléid Measúnaithe Rioscaí Ceimiceacha agus nuachlár oiliúna maidir le feasacht cheimiceach agus oiliúint i measúnú rioscaí.
- Tugadh sainteimpléid measúnaithe rioscaí Láimhsithe isteach le haghaidh tascanna / imeachtaí a raibh mórghné láimhsithe ag baint leo, agus saincheapadh oiliúint i láimhsiú dá réir.

## Clár Bainistíochta Conraitheoirí SFAÉ

Aontaíodh agus forfheidhmíodh Clár Bainistíochta Conraitheoirí laistigh den eagraíocht. Mar chuid den chlár, rinneadh éigeantach an oiliúint ionduchtúcháin sláinte agus sábháilteachta do gach conraitheoir a dhéanann obair laistigh de SFAÉ. Cuirtear Oiliúint Ionduchtúcháin Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil trí chlár r-fhoghlama a saincheapadh go sonrach do SFAÉ. Chuimsigh an Clár Iompar Oibre:

- Teastas Oiliúna um Inniúlacht Ghairmiúil (CPC)
- Oiliúint i gCinnteoireacht Tiománaí
- Measúnuithe Rioscaí Feithicle.

## Sláinte Cheirde

- **Roghnú Nua-Sholáthróir Sláinte Cheirde** Tá seirbhísí Soláthróir Sláinte Cheirde fostaithe ag SFAÉ chun riachtanais sláinte cheirde na heagraíochta a chomhlíonadh de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2005, agus na Rialacha um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Feidhmiú Ginearálta) 2007. Tar éis próisis tairisceana roghnaíodh nua-Sholáthróir Sláinte Cheirde agus cuireadh forálacha conartha i bhfeidhm.
- **Clár Bainistíochta um Vacsainiú Heipitíteas B** Críochnaíodh tionscadal de chuid Sholáthróirí Sláinte Cheirde SFAÉ chun taifid stádais Vacsainiú Heipitíteas B d'fhoireann uile SFAÉ a chomhtháthú ar aon bhunachar sonraí amháin. Tosaíodh, freisin, clár leanúna sceidealta d'fhostaithe maidir le vacsainiú Heipitíteas B.
- **Clár Eirgeanamaíochta Oifige** Chríochnaigh céad agus seachtó a naoi ball foirne an clár oiliúna eirgeanamaíochta ar líne i 2011 agus críochnaíodh céad seasca measúnú eirgeanamaíochta stáisiún oibre san imshaol oifige agus saotharlainne araon.

De réir na Rialacha um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Feidhmiú Ginearálta) 2007, Caibidil 5 de Chuid 2, leasaíodh agus forbraíodh a thuilleadh Clár Eirgeanamaíochta Oifige SFAÉ.

Rinneadh seo a leanas mar chuid den chlár:

- Leasú agus breisfhorbairt Beartas Threalamh Scáileán Taispeána SFAÉ
- Forbairt agus feidhmiú céimneach cláir oiliúna eirgeanamaíochta ar líne
- Forbairt agus feidhmiú céimneach ceistneora féinmheasúnaithe ar líne, d'fhonn saincheisteanna eirgeanamaíochta na stáisiún oibre a shainaithint agus tosaíochtaí a leagadh amach do leanúint na foirne.

# Airgeadas

| Dréacht-Chuntais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2011 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 103,923 | 109,906 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 4,314 | 854 |
| **Ioncam iomlán** | **108,237** | **110,760** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **102,044** | **106,814** |
| Barrachas don bhliain | 6,193 | 3,946 |
| Caillteanas achtúireach ar scéim phinsin | (12,217) | (523) |
| Aistriú go Cúlchiste Caipitiúil | (681) | - |
| Aistriú ó Cúlchiste Taighde | 159 | 296 |
| Barrachas/(easnamh) carntha ag 1ú Eanáir | 1,510 | (2,209) |
| Barrachas/(easnamh) carntha ag 31ú Nollaig | **(5,036)** | **1,510** |

## Ioncam

Ba é €108.23 milliún ioncam iomlán an Bhoird i 2011, (2010 €110.76 milliún) agus anailísítear é idir ioncam athfhillteach agus ioncam neamh-athfhillteach. Tá ioncam athfhillteach comhdhéanta d'ioncam a ghintear ó dhíol táirgí agus seirbhísí d'ospidéil, de luach €103.92 milliún (2010 €109.90 milliún). Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach lena n-áirítear ioncam Dheontas HSE de €4.31 milliún (2010 €0.85 milliún), ús ar thaiscí bainc agus fáltais ó dhíolachán sócmhainní seasta. Léiríonn an laghdú ioncaim, laghdú toirte agus cealú uasmharcála ar tháirgí fola athdhíolta.

## Caiteachas

I 2011, b'ionann an caiteachas agus €102.04 milliún (2010 €106.81milliún). Tharla an laghdú caiteachais go príomha toisc gur lean an clár laghdaithe costais a d'fhorfheidhmigh an Bord i 2009.

Tá cúlchiste Caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Le linn 2009 aistríodh €2 milliún chuig an gciste. Bhí iarmhéid de €7.68 milliún sa chiste don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2011.

I 2006, bhunaigh an Bord cúlchiste taighde. I 2011, caitheadh €159,000 ón gcúlchiste. (I 2010, caitheadh €296,000 ón gcúlchiste).

Tugann an Bord cuntas ar phinsin de réir chaighdeán tuairiscthe airgeadais 17, 'Sochair Scoir' (FRS 17).

# Airgeadas

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.46 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus i dtrealamh le linn 2011 (€1.7 milliún 2010). I measc príomh-infheistíochtaí na bliana bhí fuarthóir ionaid, feabhsú áiseanna, trealamh réitigh grúpála náisiúnta, agus uasghrádú uathghéas scagthástála ilchainéil fuilaistriúcháin. Bhí caiteachas athfhillteach a bhain le hathsholáthar bhonneagar TFC, gléasra agus trealamh míochaine eile. Ina theanntasan, tabhaíodh caiteachas ar uasghrádú balla dóiteáin, chóras monatóireachta imshaoil agus ar bhogábhar bainistithe cáipéisí.

## Reachtaíocht um Íoc Pras

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íoc Pras, ach sa mhéid a luaitear thíos. An Gnáthchairde a ghlacann an Bord, seachas má shonraítear a mhalairt i sainsocruithe conartha, ná 30 lá ó dháta fála an tsonraisc nó ón am a dhearbhaítear go bhfuarthas earraí nó seirbhísí a chaithfear a íoc. Is é polasaí an bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dár chríoch 31ú Nollaig 2011, faoi théarmaí reachtaíochta infheidhmithe, bhí sonraisc de luach €2,233,303 23.22 lá mall ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 0.94% de réir lín agus 2.96% de réir luach na n-íocaíochtaí uile do sholáthróirí earraí agus seirbhísí le linn na bliana. Íocadh ús iomlán de €4,561.53 ar na híocaíochtaí malla uile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin chun cuidiú le híoslaghdú an ama a ghlactar le fiosruithe agus le sonrasc a réiteach.

# Sonraí Teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Aturnaetha

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**Lárionad Náisiúnta fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
e:info@ibts.ie
www.giveblood.ie Eolaslíne deontóra 1850731137

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

**Clinic Deontóra Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

**Clinc Deontóra Stigh Lorgan**
6 Sean-Bhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041/6859994
f: 041/ 6859996

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
f: 059/9132163

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**National Blood Centre**
An Lárionad Náisiunta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
R-phost: info@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Eolaslíne Deontóra 1850 731 137

designed by catalysto°